# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe substaintiúil a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi Ealaín agus Ailtireacht (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Is féidir na critéir chun ceisteanna dioscúrsacha a mheas, áit a bhfuil caoga marc á bhronnadh as freagra domhanda, a fheiceáil in Aguisín 1..

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

# Topaic 1: An Aithin i mbun Cogaíochta.

## (i) (a) **Trí chúis (10,10,10.)**

Ba iad seo a leanas na cúiseanna gur aontaigh an Aithin agus Sparta le Síocháin Nicias i 421 RC: ar an gcéad dul síos, bhí an bheirt fhear a bhí ar son an chogaidh sna cathracha (Cléón agus Brasadas) marbh anois agus chomh maith leis sin bhí na Spartaigh ag iarraidh a gcuid príosúnach ar ais as Pulas. Anuas air bhí croith bainte as muinín na hAithne mar gheall gur cloíodh iad ag Delium agus Amfapoil. Bhraith na Spartaigh faoi bhagairt ag bunáiteanna na hAithne ag Pulas agus Cythera agus bhí faitíos orthu go dtiocfadh ionsaí as an áit sin. Bhí an sos cogaidh a bhí ag Sparta le hArgas ar tí dul in éag rud a chiallaigh bagairt eile. Níor mhothaigh Pleistoanax, Rí Sparta, sábháilte ó ionsaithe inmheánacha agus bhraith sé go mbeadh níos mó tóir ag daoine air dá mbeadh síocháin ann. Bhí Nicias go mór i bhfabhar na síochána agus bhí tionchar láidir aige san Aithin ag an am. (30)

(b) **Cúis amháin ó gach taobh (10,10.)**

Dar le Túicídidéas, níor cuireadh an tSíocháin i bhfeidhm i gceart ar an gcéad dul síos. Dar leis níor chomhlíon na Spartaigh téarmaí uile na Síochána (níor thug siad Amfapoil ar láimh don Aithin) agus rinne roinnt de na comhghuaillithe Spartaigh a ndícheall é a threascairt. Deir sé freisin gur oibrigh Alcaibiaidéas i gcoinne na síochána ón tús. (20)

## (ii) (a) **Cuntas comhleanúnach (14,13,13.)**

D'áireofaí i gcuntas ar an ról a bhí ag Cléón i gCogadh na Peilipinéise an ról a bhí aige mar státaire agus mar ghinearál as an Aithin agus mar sheaimpín an daonlathais. Bhí sé glórach, carasmatach, borb agus léirigh Túicídidéas é mar thuathghríosóir. Bhí Cléón ina namhaid ag Peiricléas agus chuir sé claonchasadh ina leith agus bhí an ghráin aige ar na Spartaigh. Ba bhreá leis go raibh meas ag na saoránaigh ba bhoichte air agus i 425 scrios sé an deis síochána; chuir sé ina luí ar na hAithnigh dul chun troda. I 427, rinne sé an argóint gur chóir an daonra fear go léir i Mitiléine a chuaigh chun troda, a chur chun báis agus ghlac an tionól lena argóint (i gcoinne Dhiódatas). Cuireadh ar ceal é sin díreach in am níos déanaí áfach. Fós féin, cuireadh thart ar 1,000 de mhuintir Mhitiléiné chun báis. I 425 thug sé na saighdiúirí Spartacha a bhí imshuite ag Sfaictéiria ar ais chuig an Aithin agus fuair sé neart moladh dá réir. Dhúbail sé an t-ómós ó na "comhghuaillithe" agus is i gCath Amfapoil is deireanaí a throid sé. Ansin fuair an ginearál Spartach Brasadas an lámh in uachtair air, agus fuair an bheirt fhear bás. (40)

(b) **Pointe forbartha amháin. (10.)**

Féadfaidh an t-iarrthóir aontú nó easaontú anseo. Ba rud dearfach é go raibh Cléón mar sheaimpín an daonlathais agus ag na saoránaigh ba bhoichte i gcoinne na huasaicme. Bhí sé láidir agus bhí sé iontach ag tabhairt óráidí poiblí, agus bhí sé diongbháilte agus é in ann dul i gcion go maith ar dhaoine. Sheas sé an fód i gcónaí. Bhí sé ina mháistir ar an bpolaitíocht phraiticiúil agus ní raibh faitíos air aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne. Ba rud diúltach é go raibh sé borb agus gur bhreá leis a bheith ag tarraingt cainte agus go ndéanadh sé impí ar chúis a bhí i mbéal an phobail ionas go mbeadh meas ag daoine air. Ba namhaid contúirteach agus fuinniúil é agus níor scaoil sé le haon rud agus choinníodh sé istigh é do dhaoine. Is féidir a sheasamh i gcoinne muintir Mhitiléiné a fheiceáil mar rud míthrócaireach amach is amach. (10)

**(iii)** (a) **Pointe amháin míniúcháin. (10.)**

Ba dhealbha cloiche den dia Heirméas iad na Hermae a leagadh ag bealach isteach chuig teampaill agus tithe chun an t-olc a choinneáil ó dhoras. (10)

(b) **Pointe amháin. (10.)**

Bhí muintir na hAithne an-trína chéile ag an eachtra toisc gur measadh é mar dhroch-thuar ceart don tSluaíocht chun na Sicile agus chreid cuid mhaith díobh gur conspóid i gcoinne an daonlathais a bhí ann. (10)

(c) **Trí phointe. (10,10,10.)**

Bhí tionchar ag scrios na Hermae ar chúrsa an chogaidh sa mhéid is gur seoladh fiosrú faoin gcoir agus gur tugadh cúisimh i gcoinne Alcaibiaidéas, polaiteoir mór le rá sa chathair a bhí chun dul ar an tsluaíocht chun na Sicile. Cuireadh an triail ar athlá agus chuaigh Alcaibiaidéas chun na Sicile ach sa bhaile, bhí ráflaí á scaipeadh go fairsing ag a chuid namhad faoi, agus bhí an pobal trína chéile tríd is tríd. Ar deireadh glaodh ar ais ar a thriail é i long a sheol an chathair. Ach thaisteal sé ina long féin agus a chúl tugtha aige don namhaid, Sparta, tríd an Iodáil. An rud ab iontaí ar fad ná gur ghlac muintir na hAithne ar ais níos déanaí é. Is mar gheall air sin a bhí rudaí trína chéile ar an tsluaíocht chun na Sicile agus nach raibh aon mhisneach fanta ag muintir na hAithne. (30)

**(iv)** (a) **Trí phointe fhorbartha: (10,10,10.)**

Thar aon ní eile, léiríonn na hóráidí neasacht éigin agus tugtar tuairim faoin gcineál saoil a bhí ag daoine a mhair ansin. Tá braistint an-drámata ag baint leo agus cruthaíonn siad teannas sna píosaí ba bhreátha den chogadh. Faigheann tú cur amach ar na pearsantachtaí a bhí i gceist agus cad a spreag iad. Is bealach iontach é chun míniú a thabhairt ar na buntáistí agus na míbhuntáistí i ndíospóireacht. Cruthaítear beocht sa radharc iomlán ar bhealach nárbh fhéidir a dhéanamh díreach trí chur síos a dhéanamh ar cad a tharla. I measc na ndea-shamplaí tá na hóráidí a thug Peiricléas (roimh an gcogadh agus óráid na sochraide; Brasadas sula ndeachaigh sé chun catha; Díospóireacht mhuintir Mhitiléiné agus Agallamh Mhéileas). (35)

(b) **Dhá chúis (10,10.)**

Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime ag úsáid samplaí. D'fhéadfaí an pointe a dhéanamh, mar staraí nua-aimseartha, nach ionann an modh seo a bhaineann le focail a chur i mbéal na gcarachtar agus scríbhneoireacht stairiúil i ndáiríre. Tá sé níos cosúla le dráma agus is cinnte gur tugadh go leor buillí faoi thuairim ann agus gur baineadh go leor úsáide as an tsamhlaíocht. Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfaí a rá nach raibh aon sainmhíniú cruinn ar an stair nuair a bhí Túicídidéas ag scríobh, is ealaín seachas eolaíocht is mó a bhí i gceist agus bhí líne níos dofheicthe idir fíric agus tuairimíocht. Bhí fáil aige ar roinnt cuntas ó fhinnéithe súl a chonaic na heachtraí a ndéanann sé cur síos orthu agus mar sin d'fhéadfaí a rá go bhféadfadh roinnt dá chuid scríbhneoireachta óráide a bheith sách cruinn, ach admhaíonn sé gur úsáid sé na focail a cheap sé a d'úsáidfí nuair nach raibh sé cinnte. Is cinnte nach teicníc é sin a bhféadfadh staraí nua-aimseartha a bheith sásta leis, ach ag glacadh leis an ré inar mhair sé, is cinnte go bhfuil sé breá bríomhar le léamh. (15)

# Topaic 2: Alastar Mór.

**(i)** (a) **Trí phointe fhorbartha. (12,12, 11.)**

Is mar gheall ar bhuanna Alastar mar cheannaire agus mar straitéisí a raibh an bua aige ag Abhainn Granicus. Ba cheart do mhic léinn féachaint ar an dá réimse sin. Mar cheannaire – b'iontach an rud ann féin é gur stiúir sé arm chomh mór leis seo i gcoinne na bPeirseach. Cuireann Airrianas béim ar chomh feiceálach dá chuid fear a bhí Alastar ag dul chun catha agus go deimhin is mar gheall ar a chrógacht phearsanta gur bheag gur bhásaigh sé anseo; is ar éigean a tháinig sé slán. Insíonn sé sin dúinn go raibh sé sa chontúirt céanna i gcónaí is a bhí a chuid fear, dea-chomhartha i gceannaire ar bith. Bhí sé ar an gcéad duine a rinne ionsaí nuair a bhí na Peirsigh ag a líon ab fhairsinge. Mar straitéisí – diúltaíonn sé do chomhairle Phairméinión fanacht go dtí an mhaidin le hionsaí a dhéanamh, feiceann sé é sin mar chomhartha laige, measann sé go bhféadfadh sé sin cur le meanma an namhad. Coinníonn sé súil ar shruth na habhann agus deir lena chuid fear dul trasna ar chlaonadh ón sruth. Cuireann sé Pairméinión i gceannas ar an gcliathán clé leis an Marcra Teasálaigh ar an gcliathán chlé antoisceach, Pairméinión ar an gcliathán ó dheas agus Niocanór agus Coenus in aice leis. Téann sé ar dheis ag barr aonaid de Mharcshlua na gCompánach ar chruth dinge. Bhí an falang de shaighdiúirí coisithe sa lár. Déanann sé ionsaí ar dtús, mar aon le cúpla aonad de shaighdiúirí coisithe, agus ina dhiaidh sin an falang ar éirigh go dona leis ar dtús, ag iarraidh dul suas bruach na habhann i gcoinne an namhad. Ach chomh luath is a fuair an marcshlua an lámh in uachtair, bhí siad in ann na haonaid a bhí i dtrioblóid a thabhairt slán, agus d'athchruinnigh siad. Chuaigh Alastar, de réir mar a bhí cúrsa na bPeirseach á leagan amach, chuig na saighdiúirí tuarastail Gréagacha a bhí ina seasamh i líne ar gcúl, agus iad éiginnte fós faoina raibh ag tarlú. Bhí sé diongbháilte sampla a dhéanamh díobh chun daoine eile a raibh tuairimí den chineál céanna acu é a throid a chur dá dhroim. Maraíodh cuid mhaith, tógadh thart ar 2,000 beo. Chinntigh a straitéis agus a cheannaireacht go bhfuarthas bua cuimsitheach ar Memnon. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh iarrthóirí léargas eile ar an mothú sa cheist agus tacú leis sin trí fhianaise. (35)

(b) **Dhá phointe. (8,7.)**

Óna iompar tar éis an chatha, feicimid an dáimhiúlacht ar fad a bhí idir Alastar agus a chuid fear. Bhí thart ar 25 Comrádaí, 60 marcshlua eile agus 30 saighdiúir coisithe marbh agus leag sé leac cuimhneacháin in onóir na bhfear seo a shnoigh Lysippus. Thug sé searmanas adhlactha do na mairbh lena gcuid airm agus thug sé díolúine dá dteaghlaigh ó chánacha áitiúla. Ba rud cliste a bhí ansin toisc go raibh a fhios ag fear ar bith a throid dó anois, i gcás go bhfaigheadh sé bás, go bhfaigheadh sé adhlacadh breá agus go gcuimhneofaí air agus go gcabhrófaí lena theaghlach. Thug sé cuairt freisin ar dhaoine ar bhain gortuithe dóibh agus labhair sé leis na fir, ag fiafraí díobh conas a fuair siad na gortuithe agus níor stop sé iad nuair a rinne siad áibhéil ar a gcuid scéalta. Léiríonn sé sin chomh maith is a bhí sé ag caidreamh pearsanta agus an chaoi a raibh sé in ann dul i gcion ar a chuid fear agus iad a spreagadh chomh mór agus a d'fhéad sé. Thug sé adhlacadh do na Peirsigh agus do na saighdiúirí tuarastail Gréagacha fiú amháin, a léirigh a dhaonnacht agus a chneastacht. Ach bhí sé géar ar na saighdiúirí tuarastail a tháinig slán agus sheol sé ar ais go Macadóin iad i slabhraí, níorbh namhad deas a bhí ann. Léirítear an chion a bhí aige ar an Aithin mar gur sheol sé 300 éide culaithe le taispeáint ansin. Taispeántar a mhodhúlacht, a bheag nó a mhór, nuair a ghlaonn sé "mac Philib agus na nGréagach" air féin. Rinne sé cinnte gan na Macadónaigh a lua go sonrach. Bhí a fhios ag Alastar go mbeadh air a chomhghuaillithe Gréagacha a choinneáil dílis. (15)

## (ii) (a) **Dhá chúis. (8,7.)**

Scoir Alastar a chabhlach tar éis léigear Mhiléatas toisc gur beag más dada an neart cabhlaigh a bhí fágtha aige. Níor chumhacht cabhlaigh a bhí sa Mhacadóin. Bhí an cabhlach a bhí aige níos lú ná cabhlach na bPeirseach agus ba as an Aithin é den chuid is mó. Bhí a fhios aige nach bhféadfadh sé a bheith ag brath ar dhílseacht mhuintir na hAithne agus dá bharr sin ní raibh sé cinnte nach bhfágfadh a gcuid long nó nach n-athróidís taobhanna nuair a thiocfadh an crua ar an tairne. Ba dhea-chomhartha é an t-iolar a fheiceáil ar chladach Mhiléatas ag tabhairt le fios go bhfágfadh a arm agus ní a chabhlach cabhlach na bPeirseach gan aon chumhacht. Chuir sé san áireamh freisin an costas a bhain le cabhlach a bhí ina chónaí an chuid is mó den am a chothabháil. (15)

(b) **Trí phointe (9,8,8.)**

Shocraigh Alastar cabhlach na bPeirseach a ruaigeadh ón talamh. Bhí a fhios aige nach bhféadfadh cabhlach na bPeirseach oibriú sa Mhuir Aeigéach gan calafoirt mhóra agus dá réir thug sé faoi na calafoirt mhóra go léir a ghabháil feadh an chósta Iónaigh – Miléatas, Halacarnasas, agus an Tuír níos faide síos, ionas nach mbeadh cabhlach an namhad in ann feidhmiú gan aon bhunáit aige le trúpaí agus soláthairtí a imscaradh. Tugtar a "pholasaí cósta" air sin. Chuir sé cosc ar Dháirias freisin ó dhul ar muir trína chloí ag Cath Iseas. Is fiú freisin an cúl a thug cabhlaigh na Cipire agus na bhFéiníceach d'Alastar a lua. (25)

(c) **Dhá phointe. (5,5.)**

Léiríonn sé sin an cumas a bhí ag Alastar smaoineamh ar bhealach nuálach "as an nua". B'fhéidir nach mbeadh sé de mhuineál ag ceannasaí níos lú ná é an cabhlach a scor agus an polasaí cósta a chomhlíonadh. Bhí baol mór ag baint leis, i gcás go raibh an luas agus an ghéire ag na Peirsigh, d'fhéadfaidís slad a bheith déanta acu sa Mhuir Aeigéach agus iallach a bheith curtha acu ar Alastar filleadh ar an nGréig. Ach sheas a dhánacht agus a réamhamharc mar cheannasaí leis. Bhí sé in ann dul sa seans agus ba straitéisí thar cionn a bhí ann. Ní mór freisin smaoineamh gur fear é a raibh piseoga aige (eachtra an iolair) agus go raibh tionchar aige sin ar an gcinneadh a rinne sé maidir leis an bpolasaí cósta. (10)

## (iii) (a) **Trí phointe. (10,10,10.)**

Tá roinnt gnéithe a bhaineann lena chuairt a bhfuil tábhacht leo. Ar an gcéad dul síos bhí caidreamh an-mhaith aige leis an réigiún thar a bheith saibhir agus a bhí lán le hacmhainní. Bhí an dearg-ghráin acu le fada an lá ar riail na bPeirseach agus chuir na hÉigiptigh fáilte roimhe agus é mar fharó acu sa Téibh. Chuir sé sin leis an liosta teideal a bhí aige agus go deimhin leis an gcuma dhiaga a bhí air. Rud eile a chuir leis an gcuma mhiotasach dhiaga sin a bhí air ná an chuairt a thug sé ar scrín Shéas Ammon ag Siwah. Anseo, chuala sé gach ar tháinig sé lena chloisteáil, mar a deir sé féin. Cé nach mba léir céard é sin bhí daoine den tuairim go raibh sé deimhnithe aige gurbh é féin mac Shéas Ammon. Tá seanchas ag Plútarc maidir leis an sagart a bhí ag an scrín a thug "Mac Shéas" air de dhearmad, in ionad "Mo leanbh". As sin amach, scaip na scéalta go bhféadfadh sé a bheith diaga. Buaileann sé boinn rud a léiríonn a phróifíl le hadharca reithe Séas Ammon. Tugadh le fios freisin ó scéalta faoin gcaoi ar chuidigh na déithe leis dul trasna an fhásaigh i ndiaidh stoirme go raibh na déithe ar a shon agus gur fear é a bhí faoi choimirce na cinniúna. Éacht eile dá chuid ab ea nuair a

bhunaigh sé an chathair chalafoirt bhreá Chathair Alastair, an dara cathair san Éigipt i gcónaí. Uasmhéid 20 marc mura ndéileáiltear ach le Siwah amháin. (30)

(b) **Dhá chúis. (10,10.)**

Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. I bhfabhar na ceiste, tháinig Alastar chuig Séas roimh chath Iseas amhail is dá mba é a athair. Bhuail sé boinn ar ar taispeánadh é mar Shéas Ammon. Níor shéan sé amach is amach riamh gurb é mac Shéas é toisc go nglacfá leis go raibh sé an-áisiúil ó thaobh meanma a chuid fear féin agus chun an bonn a bhaint de mheanma an namhad. D'fhéadfaí an iarracht proskynesis (umhlú) a thabhairt isteach a úsáid anseo, cé nach bhfuil aon sainráiteas a cheanglaíonn é sin dá dhiagacht. In ainneoin sin, ba é traidisiún na Gréige umhlú do dhéithe, ní d'fhir. Ar an taobh eile den scéal, ní admhaíonn Alastar go hoscailte riamh gurb é mac Shéas. Uair amháin agus é ag cur fola dúirt saighdiúir leis go raibh leann geal ag sileadh ó na chuid féitheacha, ach dúirt sé go neamhbhalbh nach raibh, gur fuil a bhí ann. Is iomaí uair, go mórmhór le linn an dá óráid cheannairce, go luann sé go cliste gurb é mac Philib é. (20)

**(iv)** **Plé – 20, Forbairt – 20, Meastóireacht Ghinearálta – 10.**

Is dóigh go n-aontóidh na scoláirí leis an ráiteas seo, bheadh sé an-deacair gan aontú leis! Seo iad na samplaí is fearr a úsáid ó na téacsanna dualgais: a cheannasaíocht ag ionsaí Granicus inar beagnach cailleadh é, a chrógacht thar cuimse ag Iseas áit ar gortaíodh go dona é ach níos tábhachtaí ná aon ní eile a chrógacht mheargánta ag Léigear Mallach áit ar rug sé ar dhréimire léigir, mar gheall ar olc a bheith air faoi chomh mall is a bhí a chuid fear, agus ar dhreap sé balla an bhaile sin. Ansin léim sé síos isteach sa bhaile agus ghlac sé leis go leanfadh a chuid fear é, agus ar ndóigh, lean. Ach mo léan bhíothas ag faire air, bhuail saighead sa chliabhrach é agus d'fhéadfadh sé gur fhulaing sé ó scamhóg phollta. Gortaíodh go dona é agus cheap a chuid trúpaí go raibh sé marbh. Nuair a tugadh chomh fada leo é, agus é thar a bheith lag, ach fós beo, bhí ríméad le brath sa slua. Rud tábhachtach ná go bhfuil a chomrádaithe ar buile leis as an oiread drochmheasa a bheith aige dá shábháilteacht féin agus cáineann siad go láidir é. Tabharfaidh na hiarrthóirí is fearr faoi deara go ndéanann Airrianas cur síos ar chrógacht Alastar mar laige, rud atá spéisiúil, á léiriú mar easpa smachta, seachas é a léiriú mar láidreacht. Déanann sé cur síos air beagnach mar andúil. D'fhéadfaí é sin a nascadh le gnéithe eile dá charachtar áit ina léiríonn sé easpa smachta ó thaobh spadhair de agus a chuid ólachán trom. (50)

## Topaic 3: An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

**(i)** (a) **Trí phointe. (12,12,11.)**

Taispeánann dánta Catullus gur fear é a bhfuil mothúcháin láidre aige. Mothaíonn sé idir ghrá agus ghráin go domhain agus tá caidreamh le daoine an-tábhachtach dó. Is fear é atá an-dáiríre faoin ngrá agus faoin gcairdeas agus tá sé toilteanach a chuid mothúchán a léiriú. Tá sé in ann ionbhá mór a

bheith aige le duine, rud a léirítear sa mhéid a bhíonn le rá aige ar bhás duine (Consolation, The Same agus At A Brother's Grave). Is duine an-phaiseanta agus spleodrach é atá an-bharúil (Evening with Licinius). Tá a mhothúcháin tréan agus guagach agus tuigeann sé an tábhacht a bhaineann leis féin a iompar i gceart os comhair na ndéithe. Ba cheart d'iarrthóirí roinnt samplaí a sholáthar de na gnéithe sin dá charachtar san fhilíocht dualgais. (35)

(b) **Dhá chúis. (8,7.)**

Is é an freagra is soiléire ar an gceist sin ná gur saincheisteanna uilíocha iad na saincheisteanna a ndéileáiltear leo i bhfilíocht Catullus agus nach dtagann aon athrú orthu riamh. Bíonn grá, gráin, trua, dílseacht i gceist arís is arís eile. Ní théann mórán in éag ina chuid filíochta, rud ar bith a théann in éag níl baint mhór acu leis na príomhtheachtaireachtaí. Ba cheart do scoláirí roinnt samplaí a thabhairt gurb iad na mothúcháin a léirítear ina chuid dánta na mothúcháin chéanna a bhraitheann daoine chomh láidir céanna sa lá atá inniu ann. (15)

## (ii) (a) **Trí phointe fhorbartha. (14,13,13.)**

Chuirfí na nithe seo a leanas san áireamh i gcomparáid idir Caesar agus Poimpéas: bhí buanna iontacha ag an mbeirt acu: Poimpéas san oirthear agus Caesar sa Ghaill agus bhí lucht leanúna dílis ag an mbeirt acu. Bíonn na difríochtaí a bhí eatarthu le feiceáil le linn an Chogaidh Chathartha nuair a thaispeáin Caesar breithiúnas níos fearr, dearcadh níos géarchúisí maidir le straitéis agus beartaíocht, agus dearcadh níos misniúla agus buacach. Déanann Poimpéas áibhéil faoina lucht leanúna féin (nuair a deir sé nach bhfuil air ach buille dá chois a thabhairt chun an Iodáil a líonadh lán le harm atá dílis dó). Ní thuigeann sé cé chomh suntasach is atá lucht leanúna Chaesair (mar gheall ar seift chliste atá ag Caesar ráfla mídhílseachta a scaipeadh faoi san arm). Déanann Poimpéas botún mór millteach nuair a fhágann sé an Róimh nuair a chaitheann Caesar léim Dhroichead na nAlt (gníomh thar a bheith dána, gan aige ach arm beag mar thaca). Fágann sé sin an chathair faoi Chaesar le gabháil agus bogtar téatar na cogaíochta chuig an nGréig. Tar éis Chath Dyrrachium, níor lean Poimpéas dá bhua rud a d'fhéadfadh sé a dhéanamh, agus dá réir sin dúirt Caesar nach raibh meon buaiteora aige. Ba thréimhse chinniúnach é sin tráth a bhféadfadh Poimpéas deireadh a bheith curtha aige lena namhaid ach fuair sé deis dul chun troda arís ag Pharsalus áit a raibh an bua ag Caesar. Ní raibh sé chomh bogásach, bhí sé níos santaí bua a fháil agus bhí sé ina straitéisí níos cliste ná Poimpéas. Bhí a chinnteacht, luas a chuid gníomhaíochta agus soiléire a chuid aidhmeanna i gcodarsnacht le Poimpéas a bhí aimhréiteach agus mall ina chuid freagairtí. (40)

(b) **Dhá phointe. (5,5.)**

Déanann Plútarc cur síos an-chráite ar bhás Phoimpéas. Tar éis a chloíte sa Ghréig, téann sé ar a theitheadh go dtí an Éigipt agus é ar tí teacht i dtír i gCathair Alastair, ag súil le tearmann agus fáilte chroíúil a fháil. Nuair a sheoltar bád amach ar a thóir gan aon searmanas, is léir nach bhfuiltear chun fáilte mhór a chur roimhe. Téann sé ar bord an bháid agus é ag taisteal ina thost, gan fiú iarchomrádaí dá chuid a aithníonn sé ag caint leis. Nuair a thagann sé i dtír maraítear é agus baintear an ceann de (tugtar a cheann chomh fada le Caesar ina dhiaidh sin). Tá a chorp caite ar an trá agus adhlacann searbhónta agus iarshaighdiúir dá chuid a bhíonn ag dul an bealach é agus tá seisean mórtasach as baint a bheith aige leis an adhlacadh brónach, ar beagán cainte a rinneadh faoi in aon chor.

(10)

**(iii)** (a) **Trí phíosa fianaise. (12,12,11.)**

Tá neart ábhair i saothar Phlútairc chun tacú leis an tuairim sin faoi Puiblias Clóidias. Bhí an-tóir ag daoine air ach bhí sé fiáin. Bhí ráflaí ag dul thart go raibh sé ag dul in éineacht lena dheirfiúr. Bhí an-spéis aige i gcóisirí agus b'fhear mór mná é. Ba é a éacht ba mhó cáil an caidreamh bradach a bhí aige le Pompeiia, bean chéile Chaesair fad is a bhí sé ina phraetóir. Ghléas sé mar bhean a bhí ag seinm fliúite agus chuaigh sé isteach i ngan fhios chuig an bhféile Bona Dea sa teach tráth a raibh cosc ar na fir go léir dul isteach san áit. Fuair searbhónta le máthair Chaesair amach é sin agus bhí scannal mór faoi. Níor scannal sóisialta amháin a bhí ann, ach ceann reiligiúnach freisin toisc go raibh rialacha beannaithe na féile briste aige. Mar sin féin, bhí an oiread sin measa air is gur dhiúltaigh Caesar, á thuiscint sin, fianaise a thabhairt ina choinne sa chúirt. Rinne sé stocaireacht láidir i gcoinne Phoimpéas agus bhí an ghráin aige ar Chicearó, á chiapadh go minic agus d'éirigh leis sa deireadh thiar é a ruaigeadh óna theach agus é a scriosadh. Bhásaigh sé sa deireadh i luíochán a rinne polaiteoir darbh ainm Milo a bhí mar chéile comhraic aige. Tríd is tríd, is fear fiáin, ainspianta a bhí ann nach raibh a fhios aige conas é féin a iompar i gceart. (35)

(b) **Dhá phointe. (8,7.)**

Tugann gníomhréim Chlóidias léargas dúinn ar ghnéithe duairce de pholaitíocht na Róimhe ag an am. Cé go raibh, go teoiriciúil, na hinstitiúidí poblachta agus na dlíthe fós i bhfeidhm, is léir óna ghníomhréim go raibh tuathghríosóir aindleathach, dímhorálta in ann cumhacht thar cuimse a oibriú ag úsáid bearta a bhí an-amhrasach. Toisc go raibh an-mheas ag pleibigh na Róimhe air chiallaigh sé sin go raibh sé in ann imeaglú a imirt ar dhaoine agus caitheamh lena naimhdí (Poimpéas agus Cicearó) ar bhealach bithiúnach agus tabhairt faoi eachtraí a raibh scannal poiblí fúthu (eachtra ag féile Bona Dea). Léiríonn an eagla a bhí ar Chaesar fianaise a thabhairt ina choinne sa chúirt go raibh bagairt ón slua, nach raibh i bhfad ó bhaile riamh. D'fhéadfaí cur síos ar pholaitíocht na Róimhe sa tréimhse sin mar rud a bhí cosúil le buíonchogaíocht nó smacht ar an stát mar a bheadh ag an Maifia. (15)

**(iv)** (a) **Cuntas comhleanúnach. (14,13,13.)**

Is litir achainí chuig an staraí í litir Chicearó chuig Lucceius chun clú agus cáil a tharraingt ar Chicearó mar gheall ar an mbaint a bhí aige le Comhcheilg Chaitilíne. Molann sé sárbhua a charad agus molann sé bealach a bhféadfadh Lucceius caitheamh leis an ábhar. Measann sé go bhfuil an ceart aige féin sna héilimh a dhéanann sé agus spreagann sé Lucceius gan seasamh siar ó mhórgacht Chicearó féin sa chás. Míníonn sé do Lucceius cén fáth a bhfuil an eachtra féin chomh tábhachtach agus chomh spéisiúil sin. (40)

(b) **Dhá phointe. (5,5.)**

Ón litir sin faighimid amach gur duine díomasach é Cicearó agus go dteastaíonn uaidh aitheantas poiblí a fháil. Tá sé andóchasach agus measann sé féin go bhfuil sé an-tábhachtach, agus é ag déanamh áibhéil ar a ról iontach féin i stair na Róimhe. Níl sé an-ghlic agus é brománta go maith á mholadh féin agus ag déanamh gaisce. (10)

## Topaic 4: Na Staraithe Rómhánacha.

**(i)** (a) **Cuntas comhleanúnach. (14,13,13.)**

Bheadh ar iarrthóirí cur síos a chur san áireamh de bhunú an Dara Triúrachta i 43 RC ag Conradh Bhruindísiam, le Lepidus agus Octáivian tar éis fheallmharú Iúil Caesar agus a gcogadh i gcoinne na "bhFuascailteoirí" faoi stiúir Bhrútas. Tar éis a mbua ag Cath Fhilipe, d'fhill Octáivian ar an Róimh agus chuaigh Antaine i gceannas ar an oirthear áit ar bhuail sé le Cléópátra. Tharla eisreachtuithe tromchúiseacha agus bhásaigh go leor daoine, namhaid ghéar Antaine, Ciceаró, ina measc. Thaitin comhluadar Chléópátra leis agus bhí siad ina leannáin i ngeimhreadh na bliana 41-40 BC. Bhí sé ina chogadh idir bean chéile Antaine, Fulvia, a thacaigh lena dheartháir in aghaidh Octáivian ach cloíodh iad ag Cath Perusia. Fuair Fulvia bás ar deoraíocht agus bhí Antaine in ann pósadh arís. Daingníodh an ceangal le hOctáivian nuair a phós sé deirfiúr Octáivian, Octáivia. Ach níor mhair an caidreamh sin i bhfad, bhí easaontas idir an bheirt fhear faoi acmhainní chun déileáil leis na Pairtiaigh a raibh fonn ar Antaine iad a ionsaí agus níor socraíodh cúrsaí go dtí go ndearna Octáivia idirghabháil sa chás. Ach bhí teannas le brath anois agus d'fhág Antaine Octáivia agus í ag iompar linbh. D'fhill sé ar Chléópátra arís i gCathair Alastair. Bhí feachtas tubaisteach ina dhiaidh sin i gcoinne na bPairtiach áit ar chaill Antaine cuid mhór dá arm. Idir an dá linn sa Róimh, bhí Octáivian réidh le Lepidus agus reáchtáil sé feachtas bolscaireachta an-rathúil i gcoinne Antaine, ag tarraingt airde ar mhímhoráltacht agus ar an bhfeall a bhain lena chaidreamh le Cléópátra. Tar éis feachtas nua ar éirigh níos fearr leis i gcoinne na bPairtiach, d'fhógair Antaine go raibh deireadh lena chaidreamh le hOctáivian i gCathair Alastair. (D'iarr Octáivian air dul ar ais chuig an Róimh ach dhiúltaigh sé dul ann.) Tar éis cogadh bolscaireachta tráth ar cheistigh Antaine dlisteanacht chomharbas Octáivian, ba léir go raibh cogadh cathartha ar na bacáin. Ba é Cath Actium a bhí mar thoradh air sin. Tubaiste a bhí ann d'Antaine agus Cléópátra a d'éalaigh go dtí an Éigipt. Chuaigh Octáivian ar a dtóir. Chuir Antaine lámh ina bhás féin sa deireadh thiar agus é ag ceapadh go raibh Cléópátra tar éis é sin a dhéanamh, cé go raibh sé mícheart faoi sin. Tharla sé sin i gcomhréir le comhaontú a bhí déanta acu nach mairfeadh duine amháin d'uireasa an duine eile. (40)

(b) **Dhá chúis. (5,5.)**

Ba dhuine fuinniúil bríomhar é a raibh an-suim aige sna mná agus a rinne praiseach dá ghnóthaí pearsanta. Is minic a chuaigh sé thar fóir le rudaí agus é rógháifeach, d'ól sé go leor agus bhíodh sé ag déanamh gaisce, e.g. a cheiliúradh Diníseach tar éis fheachtais na bPairtiach. Ní raibh aon súil aige leis an gcaoi ar chaith pobal na Róimhe leis faoina chaidreamh le Cléópátra. Níor thuig sé i gceart a chuid céilí comhraic ach an oiread, go mór mhór Octáivian, agus níor chuidigh sé sin in aon chor lena ghairm pholaitiúil. Breathnaítear go minic ar an tóraíocht dhíoltasach a rinne sé ar Chiceаró mar smál ar a chlú. D'fhéadfaí cur síos ar a dhílseacht d'Iúil Caesar mar rud inmholta. (10)

**(ii) Plé – 20, Forbairt – 20, Meastóireacht Ghinearálta – 10.**

Ní mór d'iarrthóirí na líomhaintí a chíoradh agus cur síos ar chruálacht Thibir, ach ní mór dóibh freisin a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil an breithiúnas cóir trí chéile. Ní mór d'iarrthóirí a lua go bhféachann Tacatas ar luathghairm Thibir mar shraith iarrachtaí a dhúil sa chumhacht a cheilt, in ionad a bheith dearfach. Ní mór dóibh a lua cé chomh dona is a caitheadh le Germanicus agus lena

theaghlach, na trialacha tréasa a raibh míchlú orthu agus an réimeas uafáis a chuir iallach ar go leor Rómhánach uasaicmeach lámh a chur ina mbás féin.  Déantar cur síos ar a iompar in Capri mar rud mailíseach agus fíochmhar.  Tá cáil ainnis air mar gheall ar an gcaoi ar chaith sé le cairde agus comhghleacaithe a bhí aige.  Is é Séánas an sampla is fearr anseo ar cuireadh a iarchomrádaithe chun báis in "ár fola".  D'fhéadfaí Sextus Vistilius, Considius Proculus agus Sextus Marius a lua anseo agus an tseanbhean Vitia.  Bhí dearcadh gruama agus scéiniúil aige i dtreo an chúisí agus thug sé lánchead do na "delatores" nó brathadóirí líomhaintí a dhéanamh díreach le teann oilc.  D'fhéadfadh iarrthóirí an argóint a dhéanamh go raibh leatrom cheart anseo i gcoinne Thibir agus a rá go mb'fhéidir nach duine é Tacatas a bhféadfaí brath go hiomlán air sa mhéid go gcreideann sé an rud is measa faoi i gcónaí. (50)

**(iii)** (a) **Trí imeacht. (14,13,13.)**

I measc na n-eachtraí a tharla suas go dtí treascairt agus bás Néaró bhí comhcheilg Piso i 65 AD inar léiríodh an míshuaimhneas a bhí ag teacht chun cinn i measc na n-uasaicmí maidir lena fhorlámhas. Ba é an plean a bhí ann Néaró a fheallmharú agus go bhfógrófaí an Garda Praetóireach mar impire na Róimhe.  Ba é an chéad rud a chuaigh in aimhréidh ná nuair a nocht Epicharis an chomhcheilg agus rugadh air agus céasadh é ionas go dtabharfadh sé tuairisc, ach ní dhearna sé aon fheall air.  Ansin fuair duine saortha amach faoin gcomhcheilg agus thug sé tuairisc do rúnaí Néaró a thug an scéala dó féin.  Chuir Néaró iallach ar Piso agus ar na comhchealgairí eile lámh a chur ina mbás féin chomh maith le Seinice agus Petronius.  Cuireadh cuid mhaith eile ar deoraíocht.  D'éirigh Vindex, rialtóir Lugdunum amach i gcoinne pholasaithe cánach Néaró, bhí tacaíocht aige ó Galba, rialtóir na Spáinne. Ach cuireadh an t-éirí amach faoi chois agus chuir Vindex lámh ina bhás féin.  Agus é anois mar cheannasaí rathúil na dtrúpaí a chuir an t-éirí amach faoi chois, rinne Verginius iarracht é féin a fhógairt mar impire.  Bhí go leor míshástachta i measc an airm.  Bhí tacaíocht ag dul i méid do Galba. Tháinig Maor an Gharda Phraetóirigh amach i gcoinne Néaró.  Chuaigh Néaró ar a theitheadh as an Róimh agus é ag súil a dhul soir ó Ostia ach dhiúltaigh roinnt dá oifigigh airm déanamh de réir a chuid orduithe (an rud uafásach é mar sin bás a fháil? Veirgil).  Smaoinigh sé ar theitheadh go dtí an Phairtia, nó é féin a thabhairt faoi thoil Galba nó na ndaoine ag impí maithiúnais, ach déanach san oíche sa phálás, nuair a sheol sé teachtaireachtaí chuig a chairde, agus nár fhreagair aon duine acu, bhí a fhios aige ansin go raibh siad go léir imithe.   D'iarr sé ar dhuine éigin ansin an claíomh a choinneáil dó ionas go maródh sé é féin, ach arís níor fhreagair aon duine.  "Nach bhfuil cara ná namhaid anois agam?" Rith sé ansin i dtreo na Tibire agus chuaigh sé chuig teach Phaon, fear saorála dílis, áit ar chuala sé an scéala go raibh na daoine chun é a bhualadh chun báis.  Go deimhin, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an Seanad, as dílseacht don teaghlach Julio-Claudian, arbh eisean an duine deiridh de, socrú chun é a thabhairt slán.  Ach bhuail anbhá é, agus d'iarr sé ar a rúnaí Epahroditus é a mharú.  Tá cáil bainte amach ag na focail deiridh a tháinig uaidh "Qualis artifex pereo" (A leithéid d'ealaíontóir a fhaigheann bás liom). (40)

(b) **Dhá phointe. (5,5.)**

Is beag gnéithe cúiteacha a bhí ann, ach d'fhéadfaí a áireamh leo go raibh geall faoi na chéad chúig bliana a raibh sé i gceannas agus é faoi thionchar a mháthar agus a theagascóra, Seinice.  Is cosúil gur éirigh leo guaim a choinneáil air ar feadh píosa.  Ní bréag é a rá go raibh Agrippina beagnach mar chomhrialtóir aige.  Chomh maith leis sin, bhí dea-thionchar ag Burras air.  Gheall sé aithris a

dhéanamh ar smacht Ágastas agus bhí sé flaithiúil agus trócaireach ar dtús báire. Chuir sé srian ar úsáid braiteoirí, chuir sé dlús faoi chumhacht an tSeanaid agus dúirt sé go scarfadh sé gnóthaí an stáit óna chuid gnóthaí pearsanta. Chuir sé deireadh le trialacha rúnda agus ba chosúil nach raibh an oiread caimiléireachta i measc cúirteoirí. Níos déanaí ina shaol, is é an t-aon rud maith a bhíonn le rá ag staraithe faoi ná gur léirigh sé imní agus go raibh sé flaithiúil leis na Rómhánaigh tar éis Thine Mhór na Róimhe. (10)

**(iv)** (a) **Trí phointe fhorbartha. (14,13,13.)**

Ba í Iúilia iníon Ágastas agus a chéad mhná Scribonia, agus rinneadh cleamhnas di agus socraíodh pósadh; maraíodh an chéad fhear a raibh sí geallta leis tar éis Chath Actium agus fuair a fear céile bás. Ansin socraíodh go bpósfadh sí ginearál Ágastas Marcas Aigripe, a bhí blianta níos sine ná í féin. Bhí cúigear clainne acu agus d'uchtaigh Ágastas beirt díobh, Gáias agus Lúicias. Nuair a fuair Aigripe bás, socraíodh go bpósfadh Iúilia mac Livia, Tibir agus cuireadh iallach airsean colscaradh a fháil óna bhean féin. Níor éirigh leis an bpósadh. Bhí saol sóisialta fiáin ag Iúilia, thaitin cóisirí agus fir eile léi. Chonacthas í ar meisce go poiblí agus i measc a cuid leannán bhí mac Mharcais Antaine lena chéad bhanchéile. In 2 RC, nuair a bhí an chúlchaint ag éirí chomh dona is nár bhféadfadh le hÁgastas neamhaird a dhéanamh de, shocraigh sé sampla a dhéanamh di do mhná uile na Róimhe. Cuireadh ar deoraíocht go Pandateria i Murascaill Napoli í, níor ceadaíodh d'aon fhear cuairt a thabhairt uirthi riamh agus bhí sí faoi gharda seasta. Níor ceadaíodh di filleadh ar an Róimh as sin amach. Déantar cur síos mar rud cruálach agus mínádúrtha ar mar a chaith Ágastas le hIúilia toisc go raibh a pionós an-chrua go deo. Mar sin féin, chuaigh sí go láidir i gcoinne na bprionsabal sainráite a bhí aige maidir le hionracas morálta agus is léir gur mhothaigh sé go gcuirfí a chuid iarrachtaí caighdeáin sheanfhaiseanta, ghnaíúla mhorálta a chur ar ais sa chathair as a riocht mura ndéanfadh sé sampla di. (40)

(b) **Dhá phointe. (5,5.)**

Is cosúil gur chaith sé sách gangaideach le mná go ginearálta. Fuair sé colscaradh ón gcéad bhean chéile a bhí aige Scribonia agus chuir sé iallach ar Livia (a bhí trom ar pháiste ag an am) colscaradh a fháil óna fear céile chun eisean a phósadh. Dar le Tacatas, bhí smacht ag Livia ar Ágastas, glaonn sé "bullaí baineann" uirthi agus tugann sé le fios fiú amháin go bhféadfadh sé go ndearna sí feall air a bhí ina chúis bháis aige. Bhí tuairim seanfhaiseanta ag Ágastas maidir le moráltacht na mban agus bhí sé mórtasach go raibh a chuid léinte simplí fite de láimh ag a bhean chéile. Is cosúil mar sin féin go raibh leannáin aige féin, dar le litir ó Antaine, ach bhí tuairim an-láidir aige maidir le hadhaltranas, á dhéanamh mídhleathach agus do-ghlactha go hiomlán, go háirithe i gcás mná ardnósacha. (10)

# **Topaic 5: An Drámaíocht Ghréagach.**

## **(i)** **Plé – 20, Forbairt – 20, Meastóireacht Ghinearálta – 10.**

Gach seans go dtabharfaidh an scoláire comhthéacs don athfhriotal seo ar dtús báire ag léiriú gurb é Heirméas atá i gceist, teachtaire Shéas, namhaid agus ciapaire Phroiméitéis, a dhéanann an ráiteas i radharc deiridh an dráma. Déanann sé é mar fhreagra ar challaireacht Phroiméitéis faoi dhéithe postúla, atá díreach tagtha i gcumhacht, agus nach mairfidh i bhfad. Ní mór do scoláirí féachaint ar charachtar Phroiméitéis agus aontú nó easaontú le measúnú Heirméas. I measc na n-argóintí faoin bhfáth a bhféadfadh an ceart a bheith aige ba cheart go n-áireofaí an feall a rinne Proiméitéas ar dtús báire agus a easumhlaíocht i dtreo Shéas, a dhánacht thar cuimse agus a dhígeantacht agus an bealach colgach a bhí leis. Bíonn sé mímhúinte gan aon suáilceas ann lena chairde a thagann chuige le cabhrú leis. D'áitigh sé i gcónaí ar a bheith mícheart agus d'fhéadfadh sé gur rud é nach raibh go deas le feiceáil i gceannaire. Is léir nach bhfuil sé in ann comhréiteach ná plé a dhéanamh, ná féachaint ar thuairim duine eile agus is páistiúil an bealach atá leis agus é ag spochadh ar Shéas leis an eolas atá aige ar a thitim ionchasach agus tarraingíonn sé conspóid mhór leis. Diúltaíonn sé comhairle a ghlacadh óna chairde nach bhfuil ach ar mhaithe leis. Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfaí a rá go bhfuil Proiméitéas an-lách leo sin atá lag. Bíonn an oiread sin trua aige don chine daonna go dtógann sé uathu an cumas atá acu féachaint ar a moráltacht féin agus cuireann sé fiú amháin a fhéinleas féin i mbaol chun tine a thabhairt dóibh. Tá sé an-lách le hIo agus smaoiníonn sé uirthi i gcónaí. I gcúrsaí cumhachta, bheadh sé sin ina cháilíocht mhaith. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go bhfuil Proiméitéas agus Séas cosúil lena chéile sa mhéid is go bhfuil an bheirt acu cinnte agus dígeanta agus d'fhéadfadh sé go mbeadh Proiméitéas cosúil le Séas mar rialtóir.

(50)

## **(ii)** (a) **Trí chúis. (10,10,10.)**

Ón tús, taispeántar Aescaileas mar sheaimpín suáilcí seanfhaiseanta cosúil le hionracas, ceart agus misneach. Is tréithe iad sin go léir atá riachtanach don Aithin i dtréimhse chorrach (Cogadh na Peilipinéise). Cé go léirítear é mar dhuine olc, tá rud éigin fíneálta agus uasal ag baint leis an olc sin a bhfuil call leis. Tógann Sofaicléas a bhfuil ard-mheas air a thaobh freisin. Is laochra uaisle iad na carachtair i ndrámaí Aescailis agus mar sin is rólchuspaí maithe iad do mhuintir na cathrach. Tá teanga bhreá fhoirmiúil aige, níl sí suarach, agus ní gnáth-theanga laethúil í. Labhraíonn sé ar mhaithe leis na déithe, ní faoi smaointe teibí aisteacha. Baineann a chuid luachanna le tírghrá traidisiúnta, le dualgas agus le hómós agus luann sé a chuid smaointe go soiléir agus go críonna.

(30)

(b) **Dhá chúis. (10,10.)**

Ar an lámh eile, níl Eoiripidéas soiléir, chuirfeadh a chuid smaointe duine ar bith amú. Léirítear é mar dhuine atá róchliste ar fad agus cuirtear síos air mar "chustaiméir cleasach", ní hionann le hAescaileas, duine breá, géar agus díreach. Tá go leor amhrais ina chuid drámaí agus in ionad treoir shoiléir ina moltar dílseacht agus cuibheas; tá an iomarca clisteachta agus cailicéireachta ag baint lena chuid smaointe. Is minic a bhíonn a chuid teanga gairgeach agus is minic a dhéileálann an t-ábhar a bhíonn á phlé aige le bealach duairc an duine. Níl aon amhras ach gur file thar cionn é, ach ní dhéantar cur síos air mar fhear atá in ann an Aithin a thabhairt slán in am a gátair. (20)

**(iii)** (a) **Trí phointe fhorbartha. (14,13,13.)**

Féadfaidh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas seo. Má tá an t-iarrthóir chun aontú leis ní mór díriú ar an mionn a thug Iasón do Mhéidé blianta roimhe sin ach atá briste anois aige. Mar a deir Méidé, ní raibh amhras ar bith ach go mbeadh iarmhairt uafásach ar mhionn beannaithe a bhriseadh. Mar sin, seachas an drochíde phearsanta a thug sé di á tréigean agus cead a thabhairt í a chur ar deoraíocht leis an mbeirt bhuachaillí, tá na "sean-déithe" maslaithe aige. I measc na ndrochthréithe atá ina charachtar tá sé gaisciúil, bíonn sé ag sodar i ndiaidh na n-uaisle, tá sé saonta agus amaideach, agus é ar seachrán faoina thábhacht agus faoina mhaitheas féin. Cliseann go mór air a thuiscint cé chomh cliste agus chomh díoltasach is atá a bhean chéile. Dá bhrí sin tá drochthréithe morálta aige mar go dteipeann air caitheamh lena bhean agus lena chlann i gceart agus tá sé saonta toisc nach dtuigeann sé an méid a dhéanfaidh Méidé le díoltas a bhaint amach. Tá a chuid díomais ina chionsiocair lena bhás freisin sa deireadh thiar: díríonn Méidé ar an ngné sin de charachtar a fir chéile, meallann sí é a rá leis go mbeadh na buachaillí níos fearr as dá mba eisean a thógfadh iad, agus ansin bíonn sé níos éasca aici dul ar aghaidh lena cuid pleananna é a dhúnmharú. Dá bhrí sin d'fhéadfaí a rá gurb iad na drochthréithe dá charachtar ba chúis lena threascairt. D'fhéadfadh duine a rá freisin cé go bhfuil drochthréithe aige, nach raibh an díoltas uafásach a imríodh ar Iasón tuillte aige i ndáiríre. Mar sin d'fhéadfaí a rá nach mar gheall ar a dhrochthréithe amach is amach a tharla uafás a chinniúna ach b'fhéidir mar gheall ar an mbealach aisteach uafásach a bhí le Méidé agus chomh fíochmhar is a bhí sí faoin méid a rinne seisean. Sin freagra dlisteanach ar an ráiteas agus ní mór cur leis le tagairt den chaoi ar mhol an cór di fanacht go socair agus ar áitigh siad uirthi gan naíonmharú a dhéanamh; níl aon iallach uirthi na leanaí a mharú ach déanann sí é sin díreach mar gheall go bhfuil sí ar mire chun díoltas a bhaint amach. Mar sin d'fhéadfaí a rá go dtarlaíonn cinniúint Iasón mar gheall ar shícé shaobhha Mhéidé seachas mar gheall ar na drochthréithe atá aige féin. Tá an dá argóint go breá, chomh fada is go bhfuil tacaíocht acu ó thagairtí don téacs. (40)

(b) **Cúis amháin. (10.)**

Mothaíonn: Cé nach duine deas é Iasón, ní fhéadfá gan ionbhá a bheith agat le fear a bhfuil gach rud caillte aige, a bhrídeog óg, a bheirt mhac agus an seasamh sóisialta a bhí aige. Tá sé fágtha ar an trá fholamh. Tá an bealach fiú amháin a bhfuair sé amach faoi na buachaillí truamhéalach. Tá an achainí anbhann a dhéanann sé cead a fháil lámh a leagan orthu agus iad a adhlacadh níos corraithí fós nuair a fheicimid Méidé ag déanamh neamhaird iomlán de agus í ag magadh faoin gcumha ainniseach a mhothaíonn sé. Cé nach duine é a thaitneodh leat, is deacair gan trua a bheith dó agus é in ísle brí.

Ní mhothaíonn: D'fhéadfadh an té a bheadh cruachroíoch a rá go raibh an méid a fuair sé tuillte go maith ag Iasón, gurb eisean ba shiocair lena thitim féin agus gur chóir dó fios a bheith aige cén sórt mná a phós sé nuair a d'fhág sé Méidé le dhul in éineacht le Glauce. D'fhéadfaí a rá nárbh fhiú leis fiú amháin cur i gcoinne fógra Chréón a chlann mhac a chur ar deoraíocht go dtí gur iarr Méidé air sin a dhéanamh, rud a léirigh cé chomh leithleach agus fuarchroíoch is a bhí sé. Níl dada aige anois de bharr a chuid iarrachtaí a bheith ardnósach agus a chuid sainte agus b'fhéidir go bhfuil sé sách maith aige. Tá an réamhinsint a dhéanann Méidé ar a bhás ó phíosa adhmaid a thit ón Argo cuí go leor dó. (10)

**(iv)** (a) **Trí phointe fhorbartha. (12,12,11.)**

Tá ról lárnach ag oracail agus ag tairngreachtaí in Éideapús Rí. Díreofar ar dhá rud anseo: Oracal Apalló i nDeilfe agus tairngreachtaí Tiresias, agus tá an dá cheann lárnach don dráma. Cuirtear tús leis an bpraiseach ar fad leis an oracal a thugtar do Laius agus Iocasta nach raibh aon mhaitheas in aon chor leis, mar a deir sí féin go gaisciúil le hÉideapús. Insíonn sí an scéal faoin gcaoi ar dúradh le Laius gurb é a pháiste fir a bheadh freagrach as a bhás, agus a cuireadh amach ar Shliabh Cithaeron chun bás a fháil. Mar sin is é a tuairim maidir le tairngreachtaí: “nach bhfuil bun ná barr leo”. Is é an t-oracal a fhaigheann Éideapús féin, áit a bhfágtar é in amhras faoina shliocht, ná go maróidh sé a athair agus go gcodlódh sé lena mháthair. Is mar gheall go ndeachaigh sé ar a theitheadh as an gCoraint, ionas nach dtarlódh an t-uafás sin a chuaigh sé go dtí an Téibh, áit ina bhfaigheann sé réiteach ar thomhas an Sfioncs agus a bpósann sé Iocasta, agus maraíonn sé Laius in áit ina dtagann trí bhóthar le chéile go teagmhasach. Luaitear an tOracal ag an tús ar fad sa dráma tráth a bhfuil, sula molann aon duine é, a dheartháir céile Créón, seolta ag Éideapús le fáil amach ó Apalló conas an phlá a ghlanadh ón gcathair atá buailte aici. Tá eachtraí an dráma leagtha síos mar gheall ar an méid atá ráite ag an Oracal le Créón. Nuair a thuigeann sé nach mór dúnmharfóir an rí roimhe sin a aimsiú agus a dhíbirt, geallann Éideapús a sheacht ndícheall a dhéanamh é sin a bhaint amach. Ní hamháin go bhfuil a chinniúint leagtha amach ag an Oracal ag tús a shaoil, tá eangach snoite thar timpeall air lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé an tairngreacht agus go mbeidh sé mar bhleachtaire a gheobhaidh amach a chuid coireanna féin. Ag obair ar aon dul leis an Oracal tá fógairt Tiresias, fáidh dall a chuireann i leith Éideapús gurb eisean an dúnmharfóir a bhfuil sé ar a thóir. Ag an am, mheasfaí gur ráiteas aibhéiseach é sin agus is mar sin a shíleann Éideapús é, agus dar leis gur beart gránna é chun é a threascairt mar Rí na Téibhe. Is fiú aird a thabhairt ar fhreagra an chóir anseo de réir mar a thuigeann siad go raibh an tOracal a raibh an oiread sin muiníne acu as (dá bhrí sin na déithe iad féin) nó an rí a raibh cion ag an saol air mícheart. Ceistíonn siad cibé an bhfuil na déithe ann in aon chor nó an bhfuil deireadh ag teacht lena réimeas. An féidir leo muinín a bheith acu as aon duine mura féidir leo muinín a bheith acu as Oracal Apalló? Tá Iocasta cinnte nach bhfuil aon luach ag oracail agus nach bhfuil aon chiall le tairngreachtaí, déanann sí iarracht é sin a chur ina luí ar Éideapús agus luann sí bás Laius san áit a dtagann trí bhóthar le chéile. Ar ndóigh, toisc go bhfuil siad ag déanamh neamhairde d’oracail agus de thairngreachtaí, bíonn drochthionchar aige sin ar an mbeirt acu. Cuireann sé sin Éideapús ag smaoineamh air féin agus téann sé ar thóir na fírinne agus is cuma leis cá dtabharfaidh sé é. Is léir go bhfuil an bás i ndán dó. Is iad na horacail agus na tairngreachtaí a bhogann an dráma ar fad ar aghaidh agus deimhnítear leis sin cumhacht iomlán na ndéithe agus na cinniúna i gcodarsnacht le heaspa cumhachta truamhéalach na bhfear, fiú amháin na fir is fearr atá ann, smacht a fháil ar a saol féin, rud a dtugann Éideapús féin sampla de. (35)

(b) **Dhá phointe. (8,7.)**

D’fhéadfadh iarrthóirí an cás a dhéanamh nach bhfuil sé ar aon bhealach freagrach as a chinniúint toisc ón tús ar fad, go leagtar amach cad a tharlóidh dó. Ní bheifear in ann é sin a sheachaint ar aon bhealach. Mar sin féin, d’fhéadfaí a rá gur mar gheall ar a charachtar a tharla an méid a tharla d’Éideapús (a racht feirge ag an gcrosbhóthar, a dhánacht nuair a deir sé go dtabharfaidh sé freagra ar phaidreacha daoine, a thuairim gur féidir leis a chinniúint féin a sheachaint agus éalú uaidh agus a dhiongbháilteacht an mhistéir lena nochtar a chiontacht a réiteach). (15)

# <u>Topaic 6: An Epic Ársa.</u>

**(i)** (a) **Trí phointe fhorbartha. (14,13,13.)**

Tosaíonn an caidreamh idir Péinealaipé agus Telemachus leis an ordú mímhúinte a thugann sé di aire a thabhairt dá gnóthaí féin agus dul isteach ina seomra. Ní mór d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil Péinealaipé í féin sásta lena threallúis agus gur léir go bhfuil sé ag éirí níos fearúla agus níos cróga. Léiríonn Hóiméar go stuama an teannas idir Telemachus atá ag dul in aois agus a mháthair a bhfuil sé cineál mífhoighneach léi, agus súil aige fiú go bpiocfadh sí duine de na Suirígh seachas iad ar fad a bheith ag faire uirthi. Mar sin féin, dearbhaíonn sé nach gcuirfidh sé a mháthair amach as a teach agus rud spéisiúil ná go n-ordaíonn sé do Eurycleia gan insint do Phéinealaipé go bhfuil sé imithe chun scéala a fháil faoi Odaiséas go dtí go mbíonn sé imithe ar feadh deich lá. Déanann sé é sin toisc go bhfuil imní air fúithi agus faitíos air go mbeidh imní uirthi agus go mbeidh a héadan álainn millte ag caoineadh. Ar ndóigh tá sise trína chéile nuair a chloiseann sí go bhfuil sé imithe agus b'fhéidir go bhfuil an ceart aige gan mórán a insint di toisc nach féidir léi cabhrú leis, ní bheidh sí ach ag déanamh imní faoi. Seo fianaise go bhfuil sé ag éirí neamhspleách agus críonna. Ar fhilleadh dó, agus é spreagtha ag Aitéiné a mhaíonn go bhfuil Péinealaipé ar tí pósadh, caitheann Telemachus go géarchúiseach léi arís ach cuireann sí iallach air eolas a thabhairt di. Sa radharc athchaidrimh idir Odaiséas agus Péinealaipé, tá Telemachus ar buile léi mar gheall nach bhfuil sí suáilceach agus nach gcuireann sí fáilte roimh a fear céile atá imithe le fada, ach ní thuigeann sé in aon chor cad atá ar siúl aici. B'fhéidir go ndéanann Péinealaipé agus Telemachus araon beag is fiú dá chéile ar bhealaí difriúla. Mar sin tá fianaise den ghrá agus de cheangal mór ach freisin de mhothú feirge ina gcaidreamh, go mórmhór ó thaobh Telemachus de is dóigh atá ag iarraidh éalú óna mháthair atá róchosanta ina leith. Ba cheart gné amháin ar a laghad dá gcaidreamh ón gcuid dheireanach den eipic a chur san áireamh chun marcanna iomlána a fháil. (40)

(b) **Dhá chúis. (5,5.)**

Taispeánann Telemachus go leor de na tréithe a bhíonn coitianta i ndéagóirí fir, ag tosú leis an trua a bhíonn aige dó féin agus an stuaic a chuireann sé air féin ag an tús nuair a bhíonn sé trína chéile faoi na Suirígh agus nuair a bhíonn trua aige dó féin toisc nach bhfuil aon deartháireacha aige chun cabhrú leis. Tá sé in ísle brí mór nuair a smaoiníonn sé ar a athair, a cheapann sé atá marbh, ach nuair a spreagann Aitéiné atá faoi bhréagriocht é, tagann beocht arís ann. Is gnách do dhéagóir a bheith mímhúinte lena mháthair (rud a mbaineann sí sásamh as, shílfeá), mar aon lena chaoineachán stuacach. Is rud é a imeacht go ráscánta freisin (gan insint dá mháthair) a dhéanann déagóirí go minic. Is rud nádúrtha freisin do dhéagóir a bheith éadána agus cúthail mar a bhí seisean ag cúirteanna Neastór agus Mheinealáis. Is gnách do dhéagóirí freisin ráigeanna páistiúla a thabhairt mar a rinne sé nuair a bhí stuaic ar Phéinealaipé le hOdaiséas ar theacht le chéile dóibh arís sa phálás i ndiaidh chloí na Suiríoch. Is beag nach raibh sé chomh maith le fear ina iarracht sreang a chur ar an dronn, ach ní baileach é. Thug sé cúnamh mór millteach d'Odaiséas sa chath i gcoinne na Suiríoch (saorann sé é féin go cróga sa Halla Mór) ach déanann sé dearmad an doras a chur faoi ghlas ar arm na Suiríoch rud is gnách do dhéagóir a dhéanamh freisin. (10)

## (ii) (a) **Trí phointe fhorbartha. (12,12,11.)**

"Teampaill agus paidreacha ..." Tosaíonn ról na ndéithe i ngnóthaí creachta Aeinéas agus Dhíodó le hIúpatar a sheol Mearcair chun inspioráid a thabhairt don bhanríon Chorantach a bhfuil bá aici le muintir na Traí agus atá an-lách. Feiceann Véineas ansin go bhfuil Aeinéas tagtha i dtír i dTuaisceart na hAfraice agus bíonn imní uirthi go bhféadfadh Iúnó, bandia pátrúin Chartaige an bhanríon Díodó a chur ina aghaidh. Ionas nach dtarlóidh sé sin, socraíonn sé Cúipid a chur, i mbréagriocht mar Aeinéas, chun mearghrá a chur i gcroí Dhíodó ionas nach mbeidh Díodó in ann aon dochar a dhéanamh d'Aeinéas, toisc go bhfuil sí go mór i ngrá leis. Cuireann sí Aeinéas faoi dhraíocht agus é ag dul isteach sa phálás ionas go mbeidh sé níos dathúla ná mar atá sé cheana féin. Tá Díodó splanctha i ngrá. Cuireann an bhandia Iúnó a ladar sa scéal ansin agus, molann sí go cleasach gur chóir síocháin a dhéanamh le Véineas, agus gur chóir don bheirt pósadh. Déanann sí é sin ag súil nach rachaidh Aeinéas chuig an Iodáil go deo agus nach mbunófar an Róimh go deo. Bíonn an "pósadh" i bpluais tráth a bhfuil an bheirt ar foscadh ó stoirm i lár sealgaireachta, pósadh bréagach agus mallaithe dar le Veirgil. Déanann Díodó faillí ar a cathair ar feadh tréimhse ina dhiaidh sin, agus í faoi dhraíocht ag Aeinéas agus déanann seisean faillí ar a chinniúint féin. Ach faigheann sé nod óna mhac, Iarbas (suiríoch ar dhiúltaigh Díodó dó), agus cuireann Iúpatar Mearcair síos chun nod a thabhairt d'Aeinéas an áit a fhágáil, ag meabhrú mhórgacht a chinniúna dó agus chinniúint a mhic féin. Socraíonn sé láithreach an áit a fhágáil agus cloiseann Díodó faoi, ach ní uaidh féin ach ó dhuine eile. Tá sí ar mire agus í idir a bheith ar deargbhuile agus ag pléadáil. Tá a hiompar truamhéalach agus í as a meabhair, agus smaoiníonn sí ar ionsaí a dhéanamh ar na Rómhánaigh, í ar buile nár mharaigh sí Aeinéas agus iad ag cur mallachtaí i ndiaidh an dá ghrúpa. Sa deireadh thiar cuireann sí lámh ina bás féin ar bhreochairn sochraide, ar a leaba féin, ag úsáid sciath dá chuid. Bhain na déithe úsáid aisti ar mhaithe leo féin, gan aon aird ar a mothúcháin ná ar a todhchaí, chuir siad an dallamullóg uirthi go cruálach agus go géarchúiseach ar mhaithe leo féin. Bhí sise siar leis an gcoimhlint a bhí ar bun faoi chinniúint na Róimhe. (35)

(b) **Dhá phointe. (8,7.)**

Is féidir le hiarrthóirí a rá go bhfuil cuid den mhilleán uirthi féin agus ag pointe amháin aontaíonn sí féin go bhfuil. Tá gealltanas tugtha aici dá fear céile marbh, Sychaeus, nach bpósfaidh sí arís ach tugann sí isteach dá mothúcháin féin agus do chomhairle a deirféar Anna a chuireann ina luí uirthi an gealltanas sin a bhriseadh. Is deacair milleán a chur uirthi, ach sa seansaol, gach seans go mbeadh droch-iarmhairtí amach is amach ar ghealltanas mar sin a bhriseadh agus is dóigh go bhféachfaí ar an mbanríon mar dhuine a bhféadfaí milleán a chur uirthi go héasca. Léirítear í mar bhean atá tugtha do mhothúcháin dhoimhne nach bhfuil in ann léargas a fháil ar an scéal iomlán mar atá Aeinéas in ann a dhéanamh. Is ceart a rá go bhfuil na déithe freagrach ar bhealach áirithe as a treascairt ach go bhfuil ról freisin ag Aeinéas ina bás. (15)

## (iii) **Plé – 20, Forbairt – 20, Meastóireacht Ghinearálta – 10.**

An íomhá a thugtar den chogaíocht sa Táin i gcomparáid leis sin san Aeinéid nó san Odaisé – anseo, ní gá don iarrthóir mionsonraí a thabhairt faoi eachtraí sa Táin, ach díreach cur síos a dhéanamh ar an stíl chogaíochta agus cad atá sainiúil faoi. Tá gné níos iontaí ar ndóigh i gcogaíocht na Tána nuair a thugann Cúchulainn faoi ghrúpaí fear in éineacht agus déanann sé athruithe ina ndéantar cur síos air mar fhear atá ar mire i sraith bheoga, beagnach cosúil le cartún. Déantar an troid ar fad sa Táin i dtír-

raoin oscailte agus is iondúil go ndéantar an troid ó charbaid. Níl aon chur síos ar chathanna cóirithe áit a ndéantar cur síos mion ar ghníomhartha airm iomlána. I gcomparáid leis sin, tá éagsúlacht níos mó ag baint leis an trodaireacht san Aeinéid. Déanann Aeinéas cur síos ar throdaireacht theann sráide i Leabhar 2 agus san áit a bhfuil comhrac aonair, is é Aeinéas a bhíonn ag troid i gcoinne gaiscígh eile seachas cúpla gaiscíoch. Tá cuntas san Aeinéid freisin de léigear campa. Ní úsáidtear carbaid i Veirgil. Is beag cur síos in aon chor atá san Odaisé, i gcomparáid leis an Táin, ar an gcogaíocht. Tá an t-ionsaí ar na Cicone, eachtra na Laestrygonian agus níos tábhachtaí fós an cath sa halla i gcoinne na Suiríoch. Is trodaireacht i bhfad níos lú atá i gceist agus ní leantar den chomhrac i bhfad. Is saigheada iad na hairm, an sleá agus an sciath den chuid is mó. Is gráscar lámh is mó atá i gceist gan ach triúr fear ar thaobh na maitheasa i gcoinne na Suiríoch. Tá roinnt gnéithe atá comónta do na trí eipic ar fad chomh fada is a bhaineann sé leis an gcogaíocht: is minic sa troid a bhíonn an laoch ag snámh in aghaidh easa, le cúnamh diaga uaireanta, nochtar laochas thar cuimse agus crógacht os cionn nádúr daonna go minic. Tá comhrac aonair ar bun sa Táin agus san Aeinéid idir beirt charachtar agus tá brón agus trua le brath iontu. (50)

## **(iv)** (a) **Trí phointe fhorbartha. (12,12,11.)**

Is mar shearbhónta uiríseal dílis atá an pháirt atá ag an aoire muc Eomaes. Tá sé an-íseal ar an scála sóisialta, ach taispeántar i ndáiríre cén sórt duine é leis an gcaoi ar chaith sé leis an "bhfear déirce" agus chomh lách is a bhí sé le Telemachus. Is é an chéad duine in Ithaca é a bhuail le hOdaiséas ar fhilleadh dó agus cuireann sé fáilte chroíúil roimhe, agus roinneann sé a lón suarach leis. Dá réir sin tugann sé cosaint atá ag teastáil go géar ón laoch agus spás dó a anáil a tharraingt ag céim thábhachtach dá mhisean. Is faoi dhíon Eomaes a bhíonn sé nuair a aontaítear arís an t-athair agus an mac le chéile. Tarraingítear aird anseo ar mhoráltacht an dáin nuair a léirítear go seasann duine amach mar dhuine fiúntach ag brath ar cibé an dtugann sé dídean nó an mbaineann sé mí-úsáid as an dídean sin. Cé nach baileach go gcreideann sé go hiomlán scéal Odaiséis, tugann sé clóca agus bia agus foscadh dó. Is léir go bhfuil Eomaes dílis gan doicheall d'Odaiséas agus go bhfuil cion agus imní aige do Telemachus. Leanann sé ag freastal ar a mháistir atá as baile agus ag comhlíonadh na dtascanna is bunúsaí ar fad a bhí aige mar choimeádaí na muc. Tacaíonn Eomaes leis an "bhfear déirce" nuair a chaitheann Melanthius an tréadaí gabhar go dona leis agus ag an gcath sa halla, seasann an t-aoire muc gualainn ar ghualainn le hOdaiséas agus Telemachus sa troid deiridh a bhíonn acu leis na suirígh. (35)

(b) **Pointe forbartha amháin. (15)**

Is é an aidhm atá ag bréagriocht Odaiséis sa scéal ná tuilleadh ama a thabhairt dó: a bheith athaontaithe le Telemachus agus pleananna a dhéanamh na suirígh a chloí in éineacht lena mhac; a bheith "ag faire i ngan fhios" agus súil ghéar a choinneáil ar an gcás in Ithaca, ach é sábháilte go leor, i mbréagriocht déircí. Is í Aitéiné, a chosantóir, a thugann an bréagriocht dó. Tá Odaiséas dá bhrí sin in ann idirdhealú a dhéanamh idir na daoine atá dílis dó (cosúil le hEomaes agus a bhean chéile, Péinealaipé) agus féachaint ar na daoine gránna ar fad atá ag mí-úsáid a thí agus ag ciapadh a mhná céile, fiú ag iarraidh a mhac a mharú. Feiceann sé dó féin iompar na suiríoch le linn dó a bheith i mbréagriocht agus níl aon amhras air ach gur daoine cruálacha, santacha agus fiánta iad (an troid socraithe idir lucht déirce, an stóilín a caitheadh, crúb na bó agus a n-iompar bagartha). Faoin am a gcaitheann sé iad a throid, tá sé réidh lena n-aghaidh agus tá a fhios aige gur féidir leis brath ar Telemachus, Eomaes, Philoetius agus ar an gcailín aimsire Eurycleia. Tá a fhios aige go bhfuil

Péinealaipé dílis freisin, agus sin ar fad toisc go raibh a fhios aige, mar fhear déirce, nach mbeadh aon chúis acu gan an fhírinne a insint dó. (15)

## Topaic 7: Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

**(i)** (a) **Trí chúis. (12,12,11.)**

Tugann Veirgil cuntas drámata agus tochtmhar ar an méid a tharla d'Oirféas. Tá an oscailt righin agus drámata, "ní fhaca sí riamh, an cailín bocht, a bás ansin…" Caitear an léitheoir isteach díreach in uafás an scéil. Is tochtmhar mar a dhéantar cur síos ar an mbuairt mhór a bhuaileann Oirféas, go mbíodh sé ag gabháil fhoinn lá agus oíche faoina bás agus go ndeachaigh sé fiú amháin go dtí an Domhan Thíos chun iarracht a dhéanamh í a fháil ar ais, bhí a chumha chomh dona sin. Tá cur síos cráite ar anamacha na marbh agus cur síos drámata ar dhorchadas agus ar ghruaim Háidéis, le boladh an oilc, uisce marbh agus pionóis uafásacha. Níl aon chur síos ar an gcruinniú a bhí aige le Háidéas, ach téann Veirgil ar aghaidh díreach go dtí an pointe a bhfuil an domhan thuas beagnach sroichte aige agus a bhean taobh thiar dó. Tá cuntas an-drámata ar a thitim ghearrshaolach atá "inmhaite d'fhéadfá a rá, ach ní thugann an Bás pardún riamh". Le fuaim toirní, caoineann sí a cinniúint agus tarraingítear anuas arís í agus bíonn seisean croíbhriste toisc go bhfuil sí imithe uaidh den dara huair anois. Cuirtear leis an dráma leis an gcur síos ar na hainmhithe agus fiú amháin na crainn ag leanúint áilleacht a chuid ceoil, de réir mar a théann sé chuig na réigiúin is dorcha, agus is fuaire den domhan. In iompú na boise, tarraingíonn maenada ar thug sé droim láimhe dóibh óna chéile é. Ach i gcor gotach, glaonn a cheann atá bainte dó amach ainm Eoraidícé i gcónaí. Is gearr le rudaí iad seo go léir a bheadh le feiceáil i bpictiúrlann idir na radhairc a bheith ag athrú agus beocht an chuir síos. (35)

(b) **Dhá phointe. (87.)**

Tá tionchar ollmhór ag an úsáid chliste a bhaineann Veirgil as íomhánna sa dán seo ar an léitheoir, i measc na samplaí a d'fhéadfaí a lua tá siad seo: an ceo, samhailtí, corcach agus gruaim an Domhain Thíos, na hanamacha ar nós éin bheaga sna bileoga, bandéithe an díoltais le nathracha mar ghruaig orthu agus madra trí cheann, imeacht Eoraidícé ar nós sláimín deataigh, Oirféas ag caoineadh faoi réalta fuara, samhail den fhiliméala ag caoineadh a hál agus ar deireadh íomhá dá cheann á phiocadh ón "ón muineál fuar marbh…" agus a theanga fhuar ag fógairt a hainm. Toisc áilleacht agus uafás na n-íomhánna a úsáidtear faighimid léargas i ndáiríre ar an gcumha agus ar an bpian atá le brath sa dán.
(15)

**(ii)** **Plé – 20, Forbairt – 20, Meastóireacht Ghinearálta – 10.**

Ba cheart d'iarrthóirí trí cinn de na dánta dualgais a lua ina gcuid freagraí. Baineann téamaí Phroipeirtias den chuid is mó le grá, éad, suirí, scaradh, diúltú agus an bás. Is féidir le scoláirí an pointe a dhéanamh go bhfuil na téamaí sin chomh hábhartha inniu is a bhí siad an uair sin. Ar dtús tá sé i ngrá agus déanann sé cur síos ar an spraoi agus ar an bhfrustrachas a bhaineann le bheith ar suirí

agus le rómánsaíocht (*Susceptibility, Cupid* agus *Two Requests*). Féachann sé ar an ngné dhuairc de phaisean agus léirithe fíochmhara den phaisean in *Gone* agus *Cynthia,* agus arís, iad chomh hábhartha inniu is a bhí riamh. In *Gone to Clitumnus*, pléann sé le héad, atá chomh coitianta inniu is a bhí sé sa 1ú aois RC agus in *Cynthia is Dead*, tugann sé léargas láidir ar an gcumha a bhíonn ar dhuine nuair a fhaigheann muirnín bás. In *Love and Peace*, deir Proipeirtias nuair a bheidh sé sean go scríobhfaidh sé faoi rudaí a bhfuil tábhacht leo agus atá tromchúiseach, ach fad is atá sé óg, tá sé i gceist aige sult a bhaint as an saol. Is rudaí iad na téamaí sin ar fad atá coitianta ó thaobh ábharthachta, baineann siad leis an saol, leis an ngrá agus leis an mbás, agus baineann siad linn féin chomh mór céanna is a bhaineann siad le lucht a linne siúd. Ba cheart d'iarrthóirí roinnt tagairtí sonracha a dhéanamh do na dánta. (50)

**(iii)** (a) **Trí phointe. (12,12,11.)**

I measc na mbeart a úsáideann Hannabal in Cannae tá siad seo a leanas: an úsáid a bhaineann sé as marcshlua Numidia chun na Rómhánaigh a spreagadh dul i mbun catha rud a tharraing achrann sa champa; iad a sheoladh le hionsaí a dhéanamh ar na Rómhánaigh a bhí ag fáil uisce ón gcampa beag agus a ghríosaigh chun gnímh iad; nuair a thug Varro na Rómhánaigh amach faoina stiúir, thug Hannabal isteach na taibhleoirí Bailéaracha ar dtús in éineacht le trúpaí éadroma. Ba iad an marcshlua Spáinneach agus Gallach an dream ba mhó a bhí ar an gcliathán ar chlé le hais na habhann; an marcshlua Numidia ar an gcliathán ar dheis agus an lárlíne a bhí comhdhéanta de choisithe leis na Gallaigh agus na Spáinnigh sa lár, ach dhá aonad de chuid na hAfraice ar gach taobh (40,000 saighdiúir coisithe agus 10,000 marcra). Bhí Hannabal agus a dheartháir Mago sa lár, Hasdrubal ar an gcliathán clé agus Maharbal ar thaobh na láimhe deise. Rinne na trúpaí armáilte éadroma ionsaí ar dtús, ansin bhí an Cartagach fágtha ag ionsaí mharcshlua na Róimhe ar dheis agus iad an-ghar dá chéile. Nuair a tharla an príomh-imbhualadh leis na saighdiúirí coisithe, thit an lár Gallach agus Spáinneach (ar chruth cuartha), siar, ag tarraingt isteach an namhad a rith i dtreo an láir. Ansin bhog na coisithe Afracacha isteach ó gach taobh, ag déanamh ciorcail timpeall ar na Rómhánaigh nach raibh in ann an líon mór saighdiúirí a bhí acu a úsáid. Dá bhrí sin bhí na Rómhánaigh sáinnithe agus traochta chomh maith le bheith ag troid i gcoinne trúpaí úra. Beart eile ab ea an cleas a bhí aige ar an 500 fear capall as Numidia a bhí ag géilleadh mar dhea, ach a raibh claimhte i bhfolach ina gcuid lúireacha acu. Bhain na Rómhánaigh a n-airm díobh agus chuir siad chun deiridh iad. Ach ag buaicphointe an chatha, thóg lucht Numidia amach a gcuid claimhte agus d'ionsaigh siad na Rómhánaigh ón gcúl, ag díriú ar theannán na hioscaide agus ar a gcúl. Chuir sé sin scaoll ar an slua agus ansin sheol Hasdrubal saighdiúirí coisithe na hAfraice ar thóir na Rómhánach a bhí ar a dteitheadh, agus tháinig saighdiúirí coisithe Gallacha agus Spáinneacha ina n-ionad sa lár. Féadfaidh iarrthóirí léaráid a úsáid le cabhrú leo lena bhfreagra. Uasmhéid 24 marc mura bpléitear leis an lár a bhí ar tí loiceadh. (35)

(b) **Dhá thagairt. (8,7.)**

Is cinnte go bhfuil meas ag Livias ar Hannabal mar cheannasaí míleata, taispeántar sa chur síos a dhéanann sé ar Cannae go bhfuil sé tógtha leis an gcaoi ar chloígh Hannabal go cliste arm níos mó ná a arm féin nuair a mheall sé isteach i ngaiste iad chun dallamullóg a chur orthu ar bhealach a d'fhág nárbh fhiú dada líon mór a gcuid airm dóibh. Déanann sé cur síos ar Scipio, cé gur chloígh sé Hannabal in Zama, toisc go raibh sé mórtasach i gcónaí as a chuid trúpaí a imlonnú ansin. Deir Livias gur admhaigh saineolaithe míleata eile go raibh "scil thar cuimse aige". Deir sé áfach gur chlis ar mhisneach Hannabail nuair nár éirigh leis an lámh in uachtair a fháil arís mar a fuair sé in Cannae trí

mháirseáil díreach chun na Róimhe mar a mhol Maharbal dó a dhéanamh. Deir Livias go mb'fhéidir go raibh an smaoineamh sin rómhór do Hannabal a thuiscint, ag tabhairt le fios cé gur ginearál den scoth a bhí ann, go mb'fhéidir go raibh teorainn lena shamhlaíocht agus lena spreacadh. (15)

## (iv) (a) **Trí phointe. (9,8,8.)**

I measc na bpríomhthéamaí atá in *Óid don Earrach* le Horáit tá an chaoi a dtagann an tEarrach i ndiaidh aimsir dhuairc dhorcha an Gheimhridh. Meabhraítear dúinn leis sin nár cuireadh ar an saol seo muid le maireachtáil go deo, agus tagann an fómhar i ndiaidh an tsamhraidh, agus ansin go dtagann an geimhreadh arís. Ach is cuma cad a tharlaíonn, gheobhaimid go léir bás agus tabharfaimid aghaidh ar Abhainn an Stiocs. An féidir le haon duine a rá go dtarlóidh sé sin amárach nó i bhfad amach romhainn? Ní féidir. Mar sin ní mór dúinn sult a bhaint as an saol mar nach bhféadfaimid na rudaí a ardaíonn ár gcroí a fhágáil inár ndiaidh ar ball. Tá críoch bhrónach leis an dán, ina ndeirtear nuair a shroichfimid an Domhan Thíos, ní bheidh aon difear dúinn inár mianach, inár saibhreas nó sna dea-rudaí a rinneamar ar an saol seo. Ní raibh fiú amháin Téiséas in ann a chara dílis Pirithous a thabhairt ar ais as ná ní raibh Diana in ann Hipiliteas a raibh gean aici air a thabhairt slán. Is ionann an bás agus an "slabhra nach féidir le grá comrádaithe a thabhairt leo." (25)

(b) **Trí thagairt. (9,8,8.)**

Ar ndóigh is rud suibiachtúil é a rá cibé an dtéann filíocht Horáit i gcion orainn. Is rud dearfach é, gur file domhain agus bogchroíoch é Horáit. Tá a theachtaireacht brónach (go bhfuil an bás i ndán dúinn) agus gliondrach (bainimis sult as an saol fad agus is féidir linn). Tá claonadh idir mhilis agus shearbh ina chuid filíochta rud atá tarraingteach (i measc na samplaí a d'fhéadfaí a áireamh anseo tá *Gather Ye Rosebuds, Enjoy the Present Hour, We All Must Die* agus *Ode to Spring*). Léirítear an dúlra ina chuid íomhánna don téama seo i gcuid mhaith riochtaí, sléibhte agus aibhneacha reoite, tinte ar lasadh sa teallach, cailíní ar suirí agus crainn fhoscúla le hais na Tibire agus iad ar fad i gcomparáid leis an duairce sa Domhan Thíos, an fíon doirte ar an urlár agus an crann Cufróige a sheasann as féin. Gné mhealltach eile dá chuid dánta is ea an cur síos bríomhar a dhéanann sé ar an saol faoin tuath áit ar breá leis simplíocht agus compord na feirmeoireachta, agus arís, baineann sé leas as íomhánna (uain sa sneachta, beacha ag crónán, éin ag canadh, bia simplí agus teaghlach agus sclábhaithe sásta). Déantar é sin i gcomparáid le saol na cathrach atá folamh leamh agus daoine ciaptha, iad lán de mhaoin an tsaoil. (Is é *Rustic Joys* an sampla is fearr anseo ach is féidir *A Quiet Life* a úsáid freisin.) Is féidir greann Horáit a lua sa fhreagra seo chomh maith, tá stíl éadrom ag gabháil lena chríonnacht in *A Town Mouse and A Country Mouse* agus in *Journey to Brundisium* agus *The Bore* ina léiríonn sé go bhfuil sé ábalta a bheith ag magadh faoi féin. Ar an taobh diúltach, má cheapann iarrthóir nach bhfuil a chuid filíochta taitneamhach, d'fhéadfaí na tráchtanna a dhéanann sé go minic ar an mbás agus ar an mortlaíocht dhosheachanta (b'fhéidir go gcuirfeadh sin gruaim ar dhaoine éigin) a áireamh sna príomhphointí; d'fhéadfaí a cheapadh nach bhfuil a dhearcadh pléisiúrtha faoin saol sa tuath ró-réadúil agus d'fhéadfaí a cheapadh sé go bhfuil a sheanmóireacht faoi shaint agus faoi shó ábhairín smachtúil. (25)

# Topaic 8: An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

**(i)** (a) **(5,5.)**

Amfara is ea an cruth vása a d'úsáidtí mar ghabhdán d'fhíon agus do leachtanna eile. (10)

(b) **(5,5.)**

Aichill agus Ajax is iad na fíoracha, laochra Gréagacha ó Chogadh na Traí. Tá siad ag imirt cluiche (boird) ar nós fichille nó táiplise. (10)

(c) **(5.)**

Ba é Exekias an péintéir. (5)

(d) **Trí phointe. (9,8,8.)**

Tá maisiú an-álainn sa stíl Dubhfhíoracha Aiticeacha/Aithneacha ar an vása seo. Rinne Exekias an pota agus phéinteáil sé é (inscríbhinn ar an vása). Tá mionsonraithe iontacha sa phéintéireacht agus tá sí déanta i "stíl shnoite ach fhuinniúil" (Richter). Tá an bheirt fhíoracha feiceálach i ndéine a staidiúire a chruthaíonn siméadracht álainn gan ach miondifríochtaí eatarthu, go sonrach clogad Aichill. Tá an tsiméadracht seo forfheidhmithe ag an dá sciath, a gcuair oiriúnaithe go haoibhinn do chuar an amfara agus na ceithre shleá ag uilleannacha trasnánacha codarsnacha. Tá fíneáltacht na sonraí ar na haghaidheanna, ar an ngruaig agus ar na féasóga iontach agus tá míne na bpatrún ar chlócaí na laochra chomh hiontach céanna. Tá soiléireacht agus grástúlacht an radhairc ar fheabhas. Tá patrún palmette ar chaolú an phota agus tá na duilleoga beaga i gcruth croí ar na lámha déanta go mín. Úsáideann Richter an téarma "idirdhealú ciúin" do stíl Exekias. (25)

**(ii)** (a) **(5.)**

An tOrd Dórach (5)

(b) **(5,5.)**

Marmar Pentelic agus Pairiach (10)

(c) **(10)**

Is é an ghné neamhghnách a bhaineann leis dar le Richter go bhfuil fríos leanúnach air thar an dá phóirse arb gné an-neamhghnách í sin i dteampall Dórach. (10)

(d) **Trí phointe. (9,8,8.)**

Seo teampall Dórach an-tipiciúil lena cholúin 6 x 13 ar stíleabáit chaighdeánach. Tá pronaos agus opisthodomos ann, 2 cholún ar gach ceann díobh agus tá a aghaidh soir mar is gnách. Is é an naos nó an scrín do dhealbh an dé an príomhsheomra. Tá sé caomhnaithe go maith ar an taobh amuigh agus an cuisliú géar Dórach ar chrainn na gcolún, an eichne (atá measartha tanaí sa stíl chlasaiceach), agus an t-abacas. Tá taibhléadan ar a mullach ina gcuimsítear an imchásáil gan phatrún, guttae, regula, taenia agus an fríos Dórach déanta de mheatóip agus de thriglifí (tá Téiséas agus an Míonótár léirithe ar chuid de na meatóip agus tá siad fós in situ agus dá bharr sin sainaithníodh an teampall go mícheart mar Theseum). Os cionn seo tá na mutules agus tuilleadh guttae agus an choirnis os a chionn. Bhí peidiméid thriantánach ar gach taobh agus bhí díon claonta le tíleanna air. Bhí an líne dín críochnaithe le tulfheistiú bunsileáin agus acroteria. (25)

**(iii)** (a) **(5,5.)**

An Lár-Ré Ársa (580-535 RC) agus an Ré Ardchlasaiceach (450-400 RC). (10)

(b) **(5.)**

Chuirtí ar an bhfríos Dórach iad os cionn na himchásála, ag uainiú leis na triglifí. (Is féidir sceitse a úsáid mar léaráid den fhreagra ar an gceist seo.) (5)

(c) **(5,5.)**

Taispeánann an chéad mheatóp Apalló agus Earcail ag troid faoi throiste agus taispeánann an dara ceann Lapith ag troid in éadan Ceinteáir le linn an chatha a thosaigh ag bainis an Lapith, Pirithous. (10)

(d) **Trí phointe. (9,8,8.)**

Tá an luathmheatóp measartha primitíbheach ina léiriú ar an gcruth daonna. Tá na cloigne ollmhóra, na leasracha agus na cosa ábhalmhóra ar fad as comhréir, agus tá na fíoracha beagnach cosúil le fíoracha cartúin. Tá siad snoite i stíl chruinn Iónach. Tá an aghaidh amháin atá le feiceáil, is é sin aghaidh Apalló, an-ársa, le gáire ársa agus gruaig stílithe ársa. Tá éadaí na bhfíoracha an-simplí agus níl fillteacha ná gluaiseacht ar bith le feiceáil iontu. Ach taispeánann an radharc níos mó brí agus fuinnimh ina staidiúir agus tá a chomhdhéanamh an-bheoga agus an-láidir, le trasnáin láidre agus fíormhothú coimhlinte ina shimplíochta. I gcodarsnacht leis sin, tá máistreacht déanta go hiomlán i ndealbhóir an dara meatóp (a dhear Féidias is dócha) ar phointí níos mine anatamaíocht an duine agus léiriú an-diongbháilte ar fad ar an duine le comhréireanna foirfe agus staidiúir réadúil air. Taispeántar coimhlint duine le duine sa dá radharc, ach tá meatóip an Phartanóin níos réadúla agus níl sé chomh stílithe is a bhí sé sa radharc níos luaithe. Tá an comhdhéanamh glan agus grástúil agus tá na fíoracha cóirithe go haoibhinn le clóca fallaingeach ar a ndroim. Tá an-scil ag baint le réamhghiorrú chos dheas an Lapith agus tá sonraí chuid an chapaill den Cheinteár an-réadúil ar fad. Feictear i bhfad níos mó réaltachta i léiriú na bhfíoracha agus na n-éadaí anseo i gcomparáid le simplíocht shleamchúiseach an luathmheatóip. Difríocht eile ná an bhraistint peirspictíochta atá ar fáil sa mheatóp níos déanaí leis na géaga forluiteacha agus an clóca. Níl mórán doimhneachta sa cheann níos luaithe. Ar an iomlán bhog dealbhóirí ar shiúl ó chruthanna stílithe, foirmiúla, simplí

chuig tuiscint níos fearr ar léiriú fhoirm nádúrtha an duine, le matáin níos réadúla, staidiúir dhinimiciúil agus dhiongbháilte, éadaí slaodacha agus braistint peirspictíochta. (25)

**(iv)** (a) **(5,5.)**

An scrábaire nó an Apoxyomenos le Lysippus is ea an dealbh. (10)

(b) **(5.)**

Baineann sé leis an 4ú haois RC. (5)

(c) **Trí phointe. (12,12,11.)**

Áirítear ar fhorbairtí nua atá le feiceáil sa dealbh seo cionta idéalacha nua Lysippus d'fhíor an fhir, i gcomparáid le Doryphoros Polykleitos, fíor idéalach an 5ú haois. Tá cloigeann níos lú ar an bhfíor seo, tá sé níos faide agus níos tanaí le géaga níos faide, tá sé níos fadchosaí agus tá an chabhail píosa maith níos gaire agus níos néata. Tá ábhar an deilbhe nua fosta, d'fhéadfá a rá gur grianghraf in am é de ghníomhaíocht laethúil an-saolta, éagosúil le hidéalachas agus le huaisleacht an 5ú haois. Is lúthchleasaí é an pearsa seo ag cuimilt é féin síos, i ndiaidh seisiún traenála is dócha. Tá sé gan strus, éasca agus an-nádúrtha i gcomparáid le léirithe níos luaithe de dhéanamh an fhir. Leis an ngnáthstaidiúir, lámh amháin sínte amach agus an strideal sa cheann eile, ligeann Lysippus don fhíor síneadh amach sa spás thart air agus tugann sé dearcadh suimiúil ó gach taobh. Féadfaidh iarrthóirí an dealbh a chur i gcomparáid leis an Doryphoros thuasluaite nó le déanamh fir ar bith den 5ú haois in Richter chun comparáid a dhéanamh eatarthu. Ar deireadh, úsáidtear an contrapposto tuilleadh sa dealbh, gluaiseann an fhíor ó chois amháin go dtí an chos eile ar bhealach an-suaimhneach agus an-nádúrtha. (35)

## Topaic 9: An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

**(i)** (a) **Tionchar an tsaibhris (13), Tionchar na bochtaineachta (12).**

Cosnaíonn Sócraitéas an ráiteas seo trína rá go ndéanann saibhreas oibreoirí neamhshuimiúil agus leisciúil. Deir sé nuair a éiríonn daoine saibhir go dtiontaíonn siad ón idéal um sheirbhís don stát agus i dtreo saibhriú príobháideach. Deir sé nach mbíonn oibreoirí ábalta a gcuid oibre a dhéanamh de bharr na bochtaineachta agus go bhféadfadh réabhlóid a bheith mar thoradh air sin. Creideann Sócraitéas gur dualgas na nGardaí é cosc a chur ar shaibhreas agus ar bhochtaineacht ó dhul gan aireachtáil isteach sa stát agus an Tríú hAicme seo a thruailliú. Éiríonn criadóir a éiríonn saibhir neamh-airdiúil agus díomhaoin chomh maith, agus mar sin is droch-chriadóir é. Ar an taobh eile ar fad, má bhíonn criadóir róbhocht chun uirlisí agus riachtanais a thrádála a chur ar fáil dó féin, táirgfidh sé potaí lagmheasa agus ní bheidh a phrintísigh ró-oilte. D'fhéadfadh an bhochtaineacht

fonn réabhlóide a chothú chomh maith. 20 marc ar a mhéad do fhreagra nach luaitear an criadóir ann. (25)

(b) **Trí phointe. (9,8,8.)**

Is é an fhreagairt mhuiníneach ó Shócraitéas go mbeidh a Shaighdiúirí Cúntacha dea-thraenáilte ábalta an bua a fháil ar a gcoimhlinteoirí saibhre. Úsáideann an fealsamh analach an dornálaí atá traenáilte go cruinn agus atá ábalta an bua a fháil go héasca ar bheirt chéilí comhraic nach dornálaithe iad, ach atá saibhir agus ramhar. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh a Shaighdiúirí Cúntacha in ann do dhá nó trí oiread a lín. Straitéis chliste i gcogadh in éadan dhá stát ná toscairí a chur chuig ceann díobh, agus an t-ór agus an t-airgead ar fad atá ag an gceann eile a thairiscint dó ina chúiteamh ar chomhaontas míleata in éadan an tríú stáit. Éilíonn Sócraitéas go mb'fhearr le stát ar bith a chloiseann tairiscint dá leithéid troid i gcuideachta le gadhair fhaire láidre Shócraitéis in éadan caoirigh raimhre lácha. Tá réiteach ag an bhfealsamh chomh maith ar an bhfadhb a thiocfadh chun cinn dá gcuirfeadh an dá stát eile a n-acmhainní le chéile in éadan a chuidsean. Tá muinín aige go bhfuil gach seans nach dtarlóidh sin toisc nach bhfuil aontas inmheánach ag stát ar bith eile. Beidh dhá grúpa freasúracha ar a laghad acu ar fad, lucht an rachmais agus na boicht. Trí cheann amháin díobh a chur in aghaidh an chinn eile, tá muinín ag Sócraitéas go mbeidh a lán comhghuaillithe ag a stát agus nach mbeidh mórán naimhde aige. (25)

## (ii) (a) **Cuntas comhleanúnach ar an bhfáthscéal. (10,10,10.)**

Iarrann Sócraitéas ar a lucht éisteachta uaimh faoi thalamh agus pasáiste fada ag dul go dtí an saol lasmuigh a shamhlú. Is príosúnaigh iad áitritheoirí na huaimhe a ceanglaíodh le slabhraí den talamh agus tá balla amháin den uaimh á bhreathnú acu óna n-óige. Ar chúl na bpríosúnach tá bóthar, áit ar a dtéann fir thart ag iompar a lán cineálacha trealaimh lena n-áirítear fíoracha d'fhir agus d'ainmhithe atá déanta as adhmad agus clocha agus a lán cineálacha ábhair eile. Tá cuid díobh ag caint agus tá cuid eile díobh nach bhfuil. Thar an mbóthar tá tine. Cé nach raibh na cimí ábalta a gcloigne a thiontú riamh le hamharc ar na daoine go díreach, chaith an tine scáileanna ar an mballa os a gcomhair. Ina ndearcadh teoranta ar an bhfíorshaol, thóg siad na scáileanna in amhlachas fíorléirithe daoine cearta. Dá scaoilfí príosúnach amháin amach agus dá dtiontódh sé i dtreo an fhíorshaoil, bheadh eagla air agus bheadh pian air ó ghluaiseacht a ghéag craptha agus ó dhallrú na soilse geala. Dá n-inseofaí dó gur daoine cearta atá sna daoine a fheiceann sé ar an mbóthar agus nach bhfuil na scáileanna ar an mballa ceart, dhiúltódh sé don réaltacht agus rachadh sé ar ais chuig a bpictiúir scáile, pictiúir ar ar bhreathnaigh sé mar a bheith ceart i rith a shaoil uile. Dá dtarraingeofaí amach as an tollán é isteach i solas na gréine, bheadh níos mó eagla air. I ndiaidh don ghrian an radharc a bhaint dá chuid súl ar dtús, d'éireodh sé cleachta leis an solas geal. Dhéanfadh sé staidéar ar an ngealach agus ar an bhfrithchaitheamh ar an uisce ar dtús. Ar deireadh d'fheicfeadh sé an nádúr i solas iomlán an lae, agus mar sin thuigfeadh sé an tábhacht atá le solas an lae d'amharc an duine. Dá rachadh sé ar ais chuig an uaimh, bheadh ar a shúile socrú de réir an tsolais dhorcha agus na scáileanna. Bheadh a chomhphríosúnaigh den tuairim gur mhill a imeacht é agus thabharfadh siad amadán air toisc gur fhág sé an uaimh. (30)

(b) **Dhá ghné mhíniúcháin. (10,10.)**

Ní mór don fhealsamh é féin a fhuascailt ón Uaimh, ní mhiste cé chomh deacair is atá an turas seo chun na fírinne. Ní mór dó iarracht a dhéanamh a chomhchreatúir a chur ar an eolas faoin bhfírinne,

cé nach saibhreoidh sé é ná ní bheidh mórán measa air leis. Caithfidh sé iarracht a dhéanamh na "príosúnaigh" a tharraingt ón réaltacht bhréagach (na scáileanna) go dtí an fhírinne (an ghrian). Míníonn Sócraitéas go léiríonn an uaimh réimse an chreidimh; réimse an eolais is ea solas an lae. Is siombail na maitheasa í an ghrian. Is aistriú pianmhar don phríosúnach gach aistriú, ó réimse an chreidimh go dtí réimse an eolais, cé go n-admhaíonn sé luach a fhulaingthe ag gach céim. Ach fós, deir a chomhphríosúnaigh go bhfuil sé amaideach nuair a dhiúltaíonn sé dá iarchreidimh éadoimhne chun iompú ar an eagnaíocht. Taispeántar éirí na hintinne anseo ó sheachmall go fíorfhealsúnacht agus na deacrachtaí a ghabhann lena dhul chun cinn. Éilítear ar an bhfealsamh nuair atá an ardfhís bainte amach aige, dul ar ais go dtí an uaimh agus freastal ar a chomrádaithe agus is é a neamhthoilteanas céanna sin amhlaidh a dhéanamh a phríomhcháilíocht. (20)

**(iii)** (a) **Dhá pointe (8,7.)**

Mhothaigh Platón, ar a chéad chuairt ar Shioracús, gur anois nó choíche a d'fhéadfadh sé a bhfuil uaidh a baint amach toisc go raibh a chara Díón ansin, agus gur ghríosaigh Díón agus cairde eile é chun cuairt a thabhairt chun iarracht a dhéanamh dearcadh fealsúnachta a bhrú i rialóir Shioracús. Mhothaigh sé gur deis uathúil a bhí ann a smaointe a chur i ngníomh agus bhí eagla air go mbreathnófaí air mar fhear nach ndéanann beart de réir a bhriathair. Mhothaigh sé gur tugadh an deis dó leis an turas seo féinmheas níos fearr a bheith aige. Bhí imní air chomh maith go raibh Díón, a chara, i gcontúirt agus go mb'fhéidir go raibh cuidiú de dhíth air. Ar a dhara cuairt, thug Dinísias a fhocal do Phlatón, dá dtiocfadh sé, go ndéanfaí gnóthaí Dhíón a shocrú go sásúil, agus mura dtiocfadh sé, go mb'fhéidir nach socrófaí iad. (15)

(b) **Trí phointe fhorbartha. (12,12,11.)**

Is dócha go n-aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas seo ar an mbonn go bhfuil an chuma ann go raibh Platón soineanta amach is amach ina ardaidhmeanna tionchar a imirt ar Dhinísias le rialú mar rí fealsaimh. D'imir sé tionchar ar Dhinísias go méid áirithe, ach bhí argóint ag an mbeirt fhear nuair a maslaíodh Dinísias trína raibh le rá aige faoin ansmacht. Déanann a dhlúthchaidreamh le deartháir céile Dhinísias rudaí níos casta arís. Ní raibh muinín ar bith ag Dinísias as Díón. Is amhlaidh gur thug sé iarracht Platón a fheallmharú. Cé nár tharla sin, díoladh é mar sclábhaí san Aithin. Nuair a chuaigh sé ar ais chuig Sioracús den dara huair, rinne sé iarracht fealsúnacht a theagasc do Dhinísias II. Bhí stíl mhaireachtála fhiáin ag an rí óg agus ní raibh mórán d'intinn fhealsúnachta aige. Ach tá an chuma ann go raibh rath éigin ar Phlatón á spreagadh le smaointe iontacha, i dtosach ar a laghad. Ach rinne naimhde Phlatóin a intinn a nimhiú ina éadan agus dhíbir sé cara Phlatóin, Díón. Rinne Platón idirghabháil ar son Dhíón agus tharraing sé trioblóid air féin. D'éiligh sé athghairm a charad, ach níor tharla sin agus ní raibh cead ag Platón fágáil ar feadh tamall fada. Ar deireadh, i ndiaidh tamaill ar ais ag an Acadamh san Aithin, chuir Dinísias II ina luí ar Phlatón dul ar ais ar an mbonn go mb'fhéidir go gcuideodh sé le gnóthaí Dhíón a réiteach, ach níor chuidigh. Dúirt Dinísias nach raibh cead ag Díón filleadh ar ais choíche, agus gabhadh seilbh ar mhaoin Dhíón. Arís, ní raibh cead ag Platón fágáil go dtí go ndearna Archytas idirghabháil agus d'fhág sé. Níos déanaí, ghabh Dinísias baile Shioracús, ach maraíodh é i gcomhcheilg. Bhí seo ina mhalairt ar fad ó uaillmhianacha beannacha an stáit idéalaigh lena raibh súil ag Platón a thabhairt i gcrích i Sioracús nuair a thug sé an chéad chuairt ansin. (35)

**(iv)** (a) **Trí phointe. (12,12,11.)**

Ba é plean Sócraitéas le haghaidh oideachais agus oiliúna na Rialtóirí Fealsaimh go mbeadh oideachas liteartha acu suas go dtí ocht mbliana déag d'aois. Ó ocht mbliana déag d'aois go fiche bliain d'aois, ba cheart oiliúint choirp agus mhíleata a chur orthu. Ó fhiche go tríocha bliain d'aois ba cheart dóibh staidéar a dhéanamh ar an matamaitic. Ansin ó thríocha go cúig bliana is tríocha d'aois ba cheart dóibh oiliúint i ndialachtaíocht a fháil. Ansin, ó chúig bliana is tríocha go caoga bliain d'aois, ba cheart dóibh oibriú i bpoist shóisearacha chun taithí phraiticiúil a fháil ar an bpolaitíocht. (35)

(b) **Dhá chúis. (8,7.)**

Ina fhabhar, d'fhéadfadh iarrthóirí a rá gur oiliúint an-fada agus an-chuimsitheach atá ann ina gcuimsítear a lán gnéithe saoil, liteartha, míleata, corpoideachais agus matamaitice. Is cinnte, faoin am a mbainfidís cumhacht amach, go mbeidís ardoilte agus foghlamtha. Ina éadan, d'fhéadfadh sé go n-áiteodh iarrthóirí go mbeadh an t-oideachas seo ar fad teoiriciúil agus go bhféadfadh sé iad a scaradh ón bhfíorshaol, agus nach ndéanfaidís cinntí go dtí go mbeadh caoga bliain d'aois slánaithe acu. B'fhéidir nach é seo an oiliúint idéalach do rialóir. (15)

## Topaic 10: Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

**(i)** (a) **(3,3,3,3,3.)**

c- an fóram, d- Folcadáin Chonstaintín, e- amfaitéatar, g- Pálás Chonstaintín, h- Aula Palatina (15)

(b) **Ceithre phíosa fianaise. (5,5,5,5.)**

Áirítear ar an bhfianaise ar a shaibhreas agus ar a thábhacht a mhéid agus a eagrú soiléir, ba é príomhchathair na gcúigí thiar é, an chathair ba mhó in iarthair na himpireachta. Chónaigh an t-impire ann ó 293 AD. Fiú faoin 1ú aois AD chuir Pomponius Mela síos air mar "chathair an-shaibhir". Tá fóram an-mhór ann (690 X 450 troigh). Bhí stuara luascach air á dheighilt ó shraith dhúbailte siopaí a bhí socraithe cúl le cúl. Bhí baisleac agus teach comhairle ann agus bhí tithe an-mhaorga ann. Bhí ceathrú teampaill ann gar d'Abhainn Altbach ina raibh teampaill Rómhánacha-Cheilteacha den chuid is mó (agus póirseáid agus vearanda thart air). Bhí folcadáin bhreátha ann (Folcadáin Chonstaintín agus Folcadáin Barbara) agus amfaitéatar ina raibh spás do 7,000 breathnóir. Deirtear go raibh a Shorcas chomh maith le Circus Maximus sa Róimh. Bhí cosaintí suntasacha ann agus is é an Porta Nigra an ghné is taibhsí a tháinig slán as. Ag a thaobh bhí an pálás impiriúil agus trasna na habhann, bhí dhá horreum nó trádstóras mhóra, an-ghalánta agus dea-cheaptha cosúil leis na cinn in Ostia. As sin ar fad déarfaí gurbh chathair mhór, fhlúirse de chuid na himpireachta a bhí ann. (20)

(c) **Cur síos – 10. Bunfheidhm – 5.**

Ceann dá fhoirgnimh dhearscnaithe ba ea an Aula Palatina; d'úsáidtí é mar halla/baisleac lucht éisteachta an Impire. Foirgneamh mór a bhí ann ar a raibh cúlbhá agus meánlann ach ní raibh pasáistí taoibh ar bith ann. Dhéantaí é a théamh le hipeacóst ar a raibh múcháin bhallaí a d'oscailtí ar leibhéal na bhfuinneog íochtarach. Bhí halla sa bhealach isteach ina raibh cúirteanna colúnraí. Bhí mósáicí mionsonraithe ar an taobh istigh, lena n-áirítear urlár mósáice. Bhí na ballaí maisithe le plástar péinteáilte; bhí plástar ar an taobh amuigh agus bhí fuinneoga air le balcóiní. Tógadh an foirgneamh os cionn bunhalla níos lú, ar a raibh cúlbhá chomh maith. (15)

## (ii) (a) **(5.)**

Tógadh an Ara Pacis chun filleadh an Impire Ágastas ar an Róimh a chomóradh i ndiaidh dó cúigí na Spáinne agus na Gaille a shíothú agus chun an tréimhse shínte síochána a thug Ágastas chuig saol na Róimhe a chomóradh (Pax Romana). (5)

(b) **(10,10,10.)**

Altóir mhór ar phóidiam atá ann. Tá scáileáin mhóra ar a thaobhanna agus staighre leathan ann. Chun tosaigh (taobh an bhealaigh isteach thiar) tá an taobh íochtarach den bhalla (an dádó) snoite le duilleoga fíniúna eidhinn agus acantais. Tá an taobh istigh den altóir féin maisithe le gríobh, maisiúcháin bhláthacha agus fríos simplí ar a dtaispeántar ainmhithe. Tá na painéil uachtaracha ar na ballaí thoir agus thiar snoite i ndealbhóireacht rilífe le fíoracha ar thomhas nádúrtha ar a dtaispeántar Aeinéas ag ofráil íobartha, an faolchú baineann Roma ag tál ar Romulus agus Remus agus Terra Mater. Tá Ágastas, an teaghlach impiriúil, na giúistísí, na seanadóirí agus Rómhánaigh thábhachtacha eile, cuid díobh lena dteaghlaigh chomh maith, ar an mballa thoir agus thuaidh. Tá siad ag glacadh sosa i mórshiúl, tá cuid díobh ina seasamh go ciúin, tá cuid díobh ag caint, agus tá cuid eile díobh níos aeraí, go háirithe na leanaí. Tá an tImpire ansin fosta, ach go dea-aithneach agus ní sheasann sé amach ar dhóigh cheannasach ar bith sa radharc. (30)

(c) **Dhá chúis. (8,7.)**

Is struchtúr an-cháiliúil é an Ara Pacis ar roinnt cúiseanna. Is séadchomhartha tábhachtach é de ré Ágastas agus nochtann sé an dúil mhór don stíl Ghréagach a bhí ann ag an am. Cuirtear na rilífí snoite i gcomparáid le Fríos an Phartanóin go minic. Ach tá stíl an-Rómhánach ag baint leis óir tá caighdeán na portráide ar fheabhas. Fíorghailearaí portráidí atá ann de Rómhánaigh ardchéimneacha an lae agus mothaíonn tú go bhfuil siad go hiomlán réadúil i bpearsantacht a léirithe. Tá dínit agus suaimhneas an radhairc iontach, ach tá sé tógtha ag gleoiteacht léiriú na leanaí, duine díobh ag tarraingt toga a thuismitheora chun aird a tharraingt. Mar sin tá an meascán iontach de "dhea-bhéasa ciúine" gan strus agus uaisleacht le feiceáil ann. Tá éagsúlacht dheas sa dealbh rilífe, agus fíoracha air ag uillinneacha éagsúla agus é i rilíf atá grádaithe go mín a chruthaíonn braistint bhreá doimhneachta/peirspictíochta. Ritheann an tsúil feadh ghluaiseacht na dtogaí go nádúrtha, agus airdí éagsúla na gcloigne ag cruthú suime. Cé go bhfuil sé ardchéimiúil, gabhann sé meon agus nóiméad in am. Is fianaise inláimhsithe é ar mhóreachtra Ágastas (síocháin) agus taispeánann sé an dóigh ar theastaigh uaidh go mbreathnófaí air mar rialóir (primus inter pares/Bheith i do shaoi i measc na sua). (15)

## **(iii)** (a) **(5.)**

Áirse Chonstaintín is ea an áirse. (5)

(b) **(5.)**

Bhídís suite de ghnáth gar d'fhóram baile nó bealach isteach i mbaile, nó corruair ag crosbhealach ach bhídís ag áit ina dtagadh mórán daoine i gcónaí. (5)

(c) **(10.)**

Thógtaí na háirsí chun buanna airm a chomóradh de ghnáth. Is gné iad de chultas pearsantachta na Róimhe agus tá siad cosúil le fógrán ar rath ginearáil nó impire. Ní raibh feidhm phraiticiúil ar bith acu. (10)

(d) **Cur síos comhleanúnach. (10,10,10.)**

Is áirse thriarach an áirse seo, suite gar don Cholasaem sa Róimh. Tá lár-áirse mhór inti agus dhá áirse níos lú ar a taobhanna. Tá gach aghaidh (thuaidh agus theas) deighilte ina thrí chuid ag ceithre cholún Corantacha atá ina suí ar sheastáin. Tá rilífí comhaimseartha sa séadchomhartha ach is rilífí ó shéadchomharthaí níos luaithe a bhformhór. Tá rilífí comhaimseartha sna seastáin lena n-áirítear an bandia Victoria agus tá barbarach ar a ghlúine ag a cosa. Díreach os cionn an dá áirse níos lú tá rilífí comhaimseartha sna fríosanna ar a bhfuil dhá radharc ó ghníomhréim Chonstaintín. Díreach os a chionn sin tá meadáillí ar a dtaispeántar íomhánna ó ghníomhréim Haidrian (tá a chloigeann athmhúnlaithe mar Chonstaintín). Tá ceithre dhealbh san áiléar de phríosúnaigh chogaidh ó shéadchomhartha Thráián chomh maith le radhairc ó ré Mharcais Aurelius. Taobh istigh den phríomháirse tá painéil shnoite ón bhFríos Mór Thráián. Feictear an inscríbhinn thiomnaithe i lár an áiléir agus bhíodh carbad ar mhullach na háirse a bhíodh déanta de chré-umha teilgthe de ghnáth. Creidtear go raibh dúil níos fearr ag na Rómhánaigh san áirse thriarach le himeacht ama toisc gur chiallaigh sé go mbíodh siad ábalta dealbh níos taibhsí a chur ar a bharr, i gcomparáid leis an áirse aonair. (30)

## **(iv)** (a) **(5.)**

Is é an t-imeacht a thaispeántar sa phéintéireacht seo na Traígh agus iad ag tarraingt an chapaill adhmaid isteach sa chathair. (5)

(b) **Trí phointe. (5,5,5.)**

I lár na péintéireachta, feictear ceathrar Traíoch gealdaite agus iad ag tarraingt an chapaill adhmaid i dtreo an bhaile. Tá an fócas orthusan agus meáchan trom an chapaill á tharraingt acu. Tá leanaí ag damhsa chun é a cheiliúradh. Tá na saighdiúirí ina seasamh go ciúin uathu. Tá Traígh eile ag breathnú, agus iad níos doiléir sa chúlra. Tá pearsa aonair ag rith i dtreo an chapaill agus ar an taobh clé, brostaíonn Cassandra isteach ó na forbhallaí chun rabhadh a thabhairt dóibh. Breathnaíodh na déithe (Minéirve agus Neiptiún) ó airde ar chlé. (15)

(c) **Trí phointe. (9, 8, 8.)**

Cuireann an t-ealaíontóir drámatacht an radhairc in iúl ar roinnt bealaí. Ar an gcéad dul síos, tá na buillí scuaibe atá beagnach impriseanaíoch an-bhríomhar agus an-bheoga le mothú iontach gluaisne agus fuinnimh. Tá fíoracha claonta na dTraíoch taibhseach. Tugann cosa as alt an chapaill le fios go bhfuil sé trom le meáchan na nGréagach. Tá na trasnáin an-drámatach, go háirithe na fir agus an capall á tharraingt acu, a thugtar chun suntais sa tulra. Tugann ciúnas na saighdiúirí sa chúlra le fios go gcreideann siad go bhfuil an choimhlint thart agus is codarsnacht mhór é sin le práinn an phearsa atá ag rith (Laocoon is dóigh) agus rabhadh léirscriosta leis. Léirítear ann chomh maith go bhfuil na déithe ag breathnú ar an dráma atá ag tarlú, agus nach bhfuil aon chumhacht acu cosc a chur ar a bhfuil i ndán don Traí sula i bhfad. Is réasúnta é tuairimíocht a dhéanamh gurb Sinon sotalach é duine de na pearsana atá ina shuí ar chlé sa tulra ag breathnú agus an tionchar inmhianaithe ag teacht as a chuid scéiméireachta. Cé nach bhfuil ann ach sceitse gabhtar na príomhghnéithe agus na príomhcharachtair ar fud i dturnamh na Traí sa phéintéireacht. 20 marc ar a mhéad do fhreagra nach luaitear an fócas ar na ceathrar Traíoch gealdaite ann. (25)

(d) **(5.)**

Ceann amháin díobh seo: Mósáic Iseas; péintéireacht bhalla Aichill á nochtadh; an phéintéireacht de na mná agus iad ag ofráil bronntanas do Dhinísias; painéal rilífe de Dhinísias agus Icarus; busta Pheiricléas. (5)

Aguisín 1 <u>An Ardteistiméireacht: Léann Clasaiceach – Ardleibhéal</u>

<u>Critéir don mheasúnú ar fhreagraí ar cheisteanna domhanda 50 marc</u>

| | | | Ualú | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| <u>Gabháil</u> | Gabháil don cheist | e.g. Tuiscint ar an gceist, Béim/aghaidh a thabhairt ar an gceist, Aidhm shoiléir, Cáilíocht na smaointe, Ábharthacht an ábhair | 40% | <u>20 marc</u> |
| <u>Forbairt</u> | A mhéid a fhorbraítear smaointe | e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair thacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas | 40% | <u>20 marc</u> |
| <u>Meastóireacht Ghinearálta</u> | Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra | e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra | 20% | <u>10 marc</u> |

<u>Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar</u>

G- ?/20

F- ?/20

MG -?/10

Iomlán-?/50

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 Marc | 20 - 17 | 14 | 11 | 8 | 7-0 |

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 Marc | 10-9 | 7 | 6 | 4 | 3-0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán